Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2020



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 04
Ár bhFís, Ár Misean agus Ár Luachanna a Athnuachan 06
An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin 07

**Tuarascáil an Chathaoirligh** 08

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** 20

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíochta** 22

**Oibríochtaí** 24
Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020 25
Seirbhísí do Dheontóirí 25
Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar 32

**Tástáil** 38
Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020 39
An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí 39
NHIRL 44
BGGL 45
RCI, Baile Átha Cliath 46
Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh 50

**Seirbhísí eile** 54
Fíochán 55
Aifiréis Theiripeach 55
ONH 63
CSNÉ 63

**Cáilíocht & Comhlíonadh** 66
Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020 67

**Riosca agus Athléimneacht** 70
Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht 72
Foilseacháin, taighde, tionscadail ábhartha, teagasc etc 76

**Acmhainní Daonna** 78
Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020 79

**T,S&S** 80

**TFC** 83

**Clár Oibre Glas** 84

**Airgeadas** 85

**Sonraí Teagmhála** 87



# Réamhrá

Bhí an-dúshlán agus a lán cur isteach ag baint le 2020 le haghaidh cuid mhór eagraíochtaí. Bhí sé mar an gcéanna i gcás IBTS ag tabhairt faoi na dúshláin thromchúiseacha a bhain le tionchar COVID-19 a bhainistiú. Lena chois sin, ámh, bhí athrú ceannaireachta againn ar bharr na heagraíochta seo againne agus sinn ag fágáil slán ag ár POF le fada Andy Kelly agus ag cur fáilte roimh Orla O'Brien mar chomharba aige.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le Andy as an méid dochreidte a chuir sé leis an eagraíocht mar cheannaire uirthi ar feadh ocht mbliana déag. Bhí sé mar cheannaire ar an eagraíocht agus dúshláin dheacra os ár gcomhair. An rud is dúshlánaí i gcás aon cheannaire ná an eagraíocht a bheith níos láidre ar imeacht dó ná ar theacht isteach inti dó. Is é sin mar a bhí i gcás Andy gan amhras. Faoina cheannaireacht, bhain IBTS stádas iontaoibhe ar ais i measc shochaí na hÉireann. Sna míonna deireanacha a bhí aige linn go luath in 2020, stiúir sé IBTS ina ghnáthbhealach cumasach agus pleananna á bhforbairt ag an eagraíocht tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le táirgí fola agus fíocháin a bhailiú, a phróiseáil agus a sheachadadh in am a bhfuil an-éiginnteacht agus dúshláin lóistíochtúil ann. Tá a chuid comhghleacaithe in IBTS agus sa phobal cúraim sláinte i gcoitinne in Éirinn ag cur cronú in Andy. Guímid scor iontach air, ach tá barúil nach mbeidh sé ag glacadh go réidh é go fóill beag.

Thosaigh Orla O'Brien linn in Aibreán agus tá sí i ndiaidh fuinneamh as cuimse a thabhairt léi ina ról úr. Roimhe seo, bhí Orla ina POF ar Ospís Leanaí LauraLynn. Roimhe sin, bhí gairm tríocha bliain aici sa tSeirbhís Sláinte mar a raibh róil éagsúla aici, idir róil chliniciúla agus róil bhainistíochta. Sna róil éagsúla a bhí aici, tá sí i ndiaidh cláir oibre chasta um an athrú a bhainistiú i dtimpeallachtaí difriúla. Tá líonraí láidre forbartha aici sa Roinn Sláinte agus in FSS a rachaidh chun tairbhe do IBTS gan dabht. Bliain dhúshlánach a bhí

in 2020 le haghaidh POF nua ach, san am céanna, am tráthúil a bhí ann teacht isteach chun na heagraíochta seo againne, agus an straitéis ceithre bliana a bhí againn roimhe seo ag teacht chun deiridh.

Thug Orla aghaidh lán díograise ar an straitéis nua a fhorbairt agus, in ainneoin chomh teoranta agus atá cruinnithe fíorúla, chuaigh sí i mbun oibre go comhoibríoch le lucht na bainistíochta, le comhghleacaithe ón mbord agus le páirtithe leasmhara seachtracha le straitéis a fhorbairt do na cúig bliana atá romhainn, straitéis atá uaillmhianach agus dá bhfuil an bord agus lucht na bainistíochta iomlán tiomanta. “Ceangail Fhóinteacha” an teideal atá ar an straitéis nua atá againn agus cuireann an teideal sin scáth téamach ar fáil atá sothuigthe agus lena dtacaíonn gach duine atá ag obair i Seirbhís Sláinte na hÉireann. An t-aon bhealach a mbeimid in inmhe an tseirbhís ardchaighdeáin a sholáthar atá uainn ar fad ná bheith ag obair as lámha a chéile. Cuirimid fearadh na fáilte roimh Orla sa ról nua atá aici agus táimid ag tnúth le bheith ag obair léi sna blianta atá le teacht.

Ár mbaill foirne agus deontóirí a choinneáil sábháilte a bhí i dtús áite againn le linn mhíonna fada na paindéime agus, mar chuid de sin, b’éigean do chuid mhór dár mbaill foirne úsáid a bhaint as cleachtais anásta oibre. Táimid thar a bheith bródúil mar bhord as an dóigh ar tharraing ár mbaill foirne le chéile i gcúinsí deacra agus táimid buíoch díobh as an tsolúbthacht atá léirithe acu le soláthar slán inbhuanaithe fola a choimeád ar féidir leis an gcóras cúraim sláinte brath air.

Chuireamar dlús leis na pleananna a bhí againn córas coinní a chur i bhfeidhm dár ndeontóirí i Márta anuraidh agus táthar i ndiaidh glacadh go han-mhaith leis. Tá obair áirithe le déanamh go fóill chun an próiseas sin a uathoibriú ina iomláine agus tá súil againn go gcuirfear an obair sin i gcrích in 2021. Idir an dá linn, táimid buíoch de na baill foirne sin atá i ndiaidh teacht chun tosaigh leis an bpróiseas fadálach sin a bhainistiú.

Ar an drochuair, tá orainn na searmanais bronnta le haghaidh deontóirí a chur ar ceal ó bhí Márta ann anuraidh. Buaicphointe atá sna searmanais domsa sa ról atá agam mar Chathaoirleach, óir bíonn deis agam buíochas a ghabháil le deontóirí duine ar dhuine ach, ina theannta sin, bíonn sé de phribhléid agam éisteacht leo siúd a bhfuil fuil faighte acu agus iad ag insint a scéalta pearsanta maidir leis na hathruithe ina saol mar gheall ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus obair ár mball foirne. Táimid chomh buíoch dár ndeontóirí agus a bhí riamh agus táimid ag dúil le tús a chur leis na himeachtaí sin a luaithe agus is féidir linn de réir na gcúinsí.

Rinneamar dul chun cinn iontach ar ár gclár oibre taighde in 2020 ar an ábhar gur fhostaíomar Príomh-Éascaitheoir Taighde agus Forbartha chomh maith le fochoiste den bhord a bhunú. Tá comhaltaí boird ar an bhfochoiste mar aon le saineolaithe intíre agus idirnáisiúnta le maoirseacht a dhéanamh ar an rialachas agus an tosaíocht a bheidh ag baint le tionscadail taighde ó 2021 i leith. Tá an bord tógtha gur féidir linn tacú le taighde chun eolas a chur chun cinn i réimsí éagsúla: fuilaistriú agus aistriú fíocháin; galar-eipidéimeolaíocht agus soghabháltacht ghéiniteach; beartas um dheonú agus iarchur; agus diagnóisic fheidhmeach agus dul chun cinn teicniúil. Leis an bpróifíl mhéadaithe seo, tá súil againn cultúr a chothú a spreagfaidh dochtúirí cónaitheacha agus eolaithe smaoineamh faoi ghairmeacha i réimse na míochaine fuilaistriúcháin.

Chuireamar fáilte roimh an Dr Sharon Sheehan chun ár mboird in 2020. Bhí an Dr Sheehan ina Máistir ar Ospidéal an Choim do Mhná go dtí 2019. Tá an-taithí aici ar chúram sláinte a thugann sí léi chun an bhoird. Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad ar an mbord as an tacaíocht a léirigh siad don fhoireann bainistíochta agus as an dúthracht leanúnach atá léirithe acu dár n-eagraíocht le linn bliain a bhí doiligh.

**Linda Hickey**

Cathaoirleach

# Ár bhFís, Ár Misean agus Ár Luachanna a Athnuachan

Bhí obair lárnach IBTS dírithe i gcónaí ar na tráchtearraí is luachmhaire atá ann, is iad sin an fhuil agus comhábhair fola. Déanaimid iad a bhailiú, a thástáil, a phacáistiú agus a dháileadh mar chuid de phróiseas ar próiseas ceann go ceann é ar a dtugtar 'féith go féith'. Clúdaíonn ár seirbhísí rudaí eile i réimsí an fhuilaistriúcháin agus an fhíocháin freisin. Bhí seo á léiriú i gcónaí ag ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, ach thángthas ar chomhaontú gur cheart dúinn athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar gach ceann de na réimsí sin. Níl aon athrú suntasach tagtha ar ár dtreo straitéiseach cé go bhfuil béim athnuaite leagtha ar oibriú go dlúth lenár ndeontóirí, lenár bpiaraí agus lenár gcomhghleacaithe i réimsí an chúraim sláinte agus an oideachais.

Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann maidir leis na luachanna is mian leosan a bheith lárnach in IBTS agus rinneadh iad sin a athbhreithniú chun an t-aiseolas a fuarthas a léiriú.


## Ár bhFís

Ag obair le chéile chun seirbhísí fola agus fíocháin den chéad scoth a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

## Ár Misean

Táimid tiomanta do sheirbhísí sármhaith fola agus fíocháin a chur ar fáil a fheabhsaíonn saol na n-othar trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, trí shaineolas ár bhfoirne agus trí chomhar leis an bpobal cúraim sláinte.

## Ár Luachanna



IS BREÁ LINN ÁR NDEONTÓIRÍ



CUIRIMID FEABHAS AR SHAOL NA NOTHAR, I DTEANNTA A CHÉILE



TUGAIMID CEANNAIREACHT LE DEA-SHAMPLA



DÉANAIMID ÁR NDÍCHEALL CHUN SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH



IS SINNE IBTS

# An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Orla O'Brien
POF



An Dr Stephen Field
An Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta



Noel Murphy
An Stiúrthóir Airgeadais



Paul McKinney
An Stiúrthóir Oibríochtaí



Idelle Hawkins
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna



Karen Byrne
An Stiúrthóir Cáilíochta & Comhlíonta

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais Comhlachta stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, i gcomhréir le hAguisín 2 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

1. Mar Chathaoirleach, aithním go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag IBTS ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a chur ar fáil nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha atá roimh IBTS a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheas, chomh maith le rialuithe oiriúnacha a dhearadh agus a fheidhmiú. Déantar na rioscaí sin a mheas ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialuithe, briseadh sna córais eolais, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialúcháin.

   ii. Bíonn cruinniú ag an mbainistíocht dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú, a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith sin ná athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí IBTS agus an córas gníomhartha a bheadh riachtanach leis na rioscaí sin a bhainistiú, agus na torthaí a fhaigheann siad ar shaincheisteanna suntasacha a chur i láthair don Phríomhfheidhmeannach le go gcuirfear iad faoi bhráid an Bhoird.

   iii. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisciú don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair IBTS agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas.

   iv. Is fochoiste den Bhord é an Coiste Airgeadais, dá dtugann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil, príomhtháscairí feidhmíochta san áireamh.

   v. Tá creat rialaithe cuí i bhfeidhm agus tá nithe ann atá sainmhínithe go soiléir agus forchoimeádta lena bhfaomhadh ag an mBord amháin nó, de réir mar a tharmligean an Bord iad le haghaidh fhaomhadh an Fheidhmeannais. Tá bainistíocht laethúil IBTS tarmligthe ag an mBord chuig an bhFeidhmeannas agus tá teorainneacha cuí curtha ar bun ag an mBord don údarú caiteachais. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh.

vi. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird athbhreithniú ar réimsí faoi leith den rialú inmheánach mar chuid dá théarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird thar ceann an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú foirmiúil ar na córais sin i dtaca le 2020 ag cruinniú dá chuid ar an 9 Feabhra 2021.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus arna leasú i Meán Fómhair 2020.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le beartas mionsonraithe taistil agus cothaithe ina gcloítear le gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne Bord IBTS athbhreithniú ar thuarascálacha ar rialuithe inmheánacha le linn na bliana, in éineacht le hathbhreithniú a dhéanamh go rialta ar thuarascálacha ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte maidir le rialuithe oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíocht riosca.

Beidh an Bord ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag obair go dlúth leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá IBTS i ndiaidh na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.' Cloíonn IBTS leis na hoibleagáidí ábhartha go léir mar atá sainmhínithe de réir dhlí cánach na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar a théarmaí tagartha in 2020. Rinne an Bord na téarmaí tagartha athbhreithnithe a fhaomhadh. Chuir an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht inmheánach i gcrích i Samhain 2020.

### Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

## Tinreamh an Bhoird in 2020

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Linda Hickey, Cathaoirleach** | X | X | X | X | X | X |
| **Brian O'Mahony** | X | X | X | X | X | X |
| **John Malone** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Ronan Desmond** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Liz Kenny** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Sarah Doyle*** | | | | | | |
| **An Dr Satu Pastila** | X | X | X | X | X | X |
| **Kate Williams** | X | X | X | X | X | X |
| **Deirdre Cullivan** | X | X | X | X | X | X |
| **David Gray** | | X | X | X | X | X |
| **Deirdre-Ann Barr** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Sharon Sheehan**** | | | | | X | X |

*Tá asláithreacht an Dr Doyle ann de bharr na bhfreagrachtaí sláinte poiblí atá uirthi maidir le Covid-19

**Ceapadh an Dr S Sheehan an 5 Deireadh Fómhair 2020

Tugtar faisnéis chuí thráthúil do gach comhalta, a chuireann ar a chumas don Bhord a dhualgais a chomhlíonadh. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá. Cloítear leis na treoirlínte maidir le táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird a íoc.

## Comhaltaí an Bhoird

Linda Hickey (Cathaoirleach)
Brian O'Mahony
Kate Williams
An Dr Elizabeth Kenny
An Dr Ronan Desmond
Deirdre Cullivan
John Malone
An Dr Satu Pastila
An Dr Sarah Doyle
Deirdre-Ann Barr
David Gray
An tOll. Sharon Sheehan*

*Arna ceapadh an 5 Deireadh Fómhair 2020

| | An Bord | An Coiste Comhairleach Leighis | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta | An Coiste Airgeadais | An Coiste Forbartha Feidhmíochta | Táillí an Bhoird 2020 € | Costais 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **6** | **6** | **4** | **5** | **3** | | |
| **L Hickey (Cathaoirleach)** | 6 | - | - | - | 3 | 21,309 | - |
| **B O'Mahony** | 6 | - | - | - | - | - | - |
| **An Dr E Kenny** | 6 | 6 | - | - | - | - | 104 |
| **K Williams** | 5 | - | - | 5 | - | 12,430 | - |
| **An Dr R Desmond** | 5 | 6 | - | - | - | - | - |
| **D Cullivan** | 6 | - | - | 5 | 3 | 12,430 | - |
| **J Malone** | 6 | - | - | 5 | - | 12,430 | - |
| **An Dr S Pastila** | 6 | 6 | - | - | - | 11,970 | 630 |
| **An Dr S Doyle*** | 0 | 0 | - | - | - | - | - |
| **D Gray** | 5 | - | 4 | - | - | 12,430 | 209 |
| **DA Barr** | 5 | - | 4 | - | - | 12,430 | - |
| **An Dr S Sheehan**** | 2 | - | 1 | - | - | - | - |
| **An Dr Y Traynor***** | - | - | - | - | - | 783 | - |
| | | | | | | **96,212** | **943** |

* Tá asláithreacht an Dr Doyle ann de bharr na bhfreagrachtaí sláinte poiblí atá uirthi maidir le Covid-19

** Cuireadh tús leis an Téarma ar an mBord an 5 Deireadh Fómhair 2020

*** Tháinig deireadh leis an Téarma ar an mBord an 31 Nollaig 2019 ach íoctar coicís riaráistí le comhaltaí Boird

Bhí cúigear comhaltaí Boird ann nach bhfuair táille ón mBord faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin.

€943 a bhí ar chostais chomhaltaí an Bhoird in 2020. Is é seo an miondealú: €184 ar mhíleáiste, €69 ar chothú agus €690 ar chostais eile taistil agus costais dhearbhaithe le haghaidh bia.

## An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha atá leagtha síos sa Chód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh, mar aon leo siúd atá i gCiorcláin 02/2016 – socruithe a bhaineann le caiteachas ar nithe Digiteacha agus nithe a bhaineann le TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil féin forbartha ag IBTS ó thaobh bainistíocht tionscadail de ar féidir í a chur in oiriúint ag brath ar mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na foirne sinsearaí bainistíochta. Cloíonn an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá don Phríomhfheidhmeannach agus do na fostaithe. Cloíonn an Bord le treoirlínte maidir táillí stiúrthóra a íoc chomh maith. Ba é €142,421 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2020. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2020.

Chuaigh an tIar-Phríomhfheidhmeannach ar scor an 24 Meitheamh 2020. Fuair sé tuarastal €175,195 in 2020 a chuimsíonn riaráistí tuarastail agus pá saoire (2019: €165,828) agus bhí carr cuideachta ar fáil dó ag a raibh luach sochair comhchineáil de €3,916. Tá an Príomhfheidhmeannach atá ar scor i dteideal pinsin chomh maith i gcomhréir le gníomhas iontaobhais agus rialacha scéim pinsin Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, a sholáthraíonn pinsean de 1/80 agus aisce de 3/80 den tuarastal deiridh inphinsin maidir le gach bliain seirbhíse, ar scor don Phríomhfheidhmeannach ar 65 bliain d'aois. Thosaigh an Príomhfheidhmeannach nua ina ról an 20 Aibreán 2020. Fuair sí tuarastal €94,593 in 2020 agus tá sí i dteideal pinsin de réir théarmaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Rinneadh foráil le haghaidh an dá mhí nuair a bhí an bheirt ann i bplean gnó an Bhoird le haghaidh 2020, a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte. Measadh go raibh gá leis an tréimhse sin lena chinntiú go mbeadh aistriú gan stró ann agus plean straitéiseach 2021-2025 an Bhoird á fhorbairt.

## An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch

Tá cuid de na comhaltaí sin den Bhord a bhfuil cáilíocht leighis acu, chomh maith le baill foirne IBTS ar sainchomhairleoirí leighis iad, ar an gCoiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch, mar aon le méid áirithe sainchomhairleoirí leighis seachtracha. Bhí 6 chruinniú ag an gcoiste in 2020. Is é an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistrithe fola agus réimsí gaolmhara eile, an Bord a chur ar an eolas faoina leithéid d'fhorbairtí agus comhairle a chur ar an mBord ar ghníomh cuí.

## Tinreamh an Choiste Chomhairligh Leighis agus Eolaíoch, 2020

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig | 6 Chruinniú san Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| R Desmond | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| S Pastila | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 6 |
| Sarah Doyle | X | X | X | X | X | X | 0 |
| B O'Mahony ** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| S Field | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| D Ó Donghaile | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| L Pomeroy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| E McSweeney | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| J Power | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| I Hann | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| N O'Flaherty | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| N O'Connell | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | 5 |
| C DeGascun | X | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 |
| K Morris | X | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | 4 |
| R Hagan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| S Thomas * | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 (ní raibh ceaptha ach le haghaidh 5 cinn) |

* S Thomas, Stiúrthóir Cúnta ar an bhForbairt Déantúsaíochta le haghaidh NHSBT, arna cheapadh ag an mBord chuig an gCoiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch i bhFeabhra 2020

** Ní bhíonn B O'Mahony i láthair ach ar chruinnithe den Choiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch, gan a bheith mar chomhalta iomlán den choiste sin

## An Coiste Airgeadais

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Airgeadais le linn na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord air. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, iniúchtaí seachtracha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, PTFanna airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoiniú agus feidhmíocht chiste pinsin an Bhoird fosta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tinreamh an Choiste Airgeadais in 2020

| Cruinnithe an Choiste Airgeadais in 2020 | Eanáir | Bealtaine | Iúil | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair |
|---|---|---|---|---|---|
| K Williams | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D Cullivan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| J Malone | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta le linn na bliana. Tá triúr comhaltaí den Bhord ar an gcoiste, chomh maith le comhalta neamhspleách seachtrach amháin. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíonta, an tIniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ar an gcoiste fosta agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag feidhmiú mar Rúnaí don Choiste. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheisteanna a bhaineann le cúrsaí airgeadais, riosca, rialála nó comhlíonta an Bhoird. Déanann an coiste athbhreithniú ar na nithe seo: na ráitis airgeadais bhliantúla, tuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh, tuarascálacha cáilíochta idir na cinn inmheánacha agus na cinn ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte, na beartais chuntasaíochta, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta idirbheart mór. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Bíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta ag feidhmiú faoi théarmaí foirmiúila tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu go rialta.

| Tinreamh Chomhaltaí Boird ar Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta 2020 | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| D Gray | ✓ | Ar ceal | ✓ | ✓ | ✓ |
| D A Barr | ✓ | Ar ceal | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Sheehan* | | | | | ✓ |

* D'fhreastail ar a céad chruinniú den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta

## An Coiste Taighde agus Forbartha

Rinne an Bord bunú Choiste Taighde agus Forbartha a fhaomhadh chun maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis Taighde agus Forbartha IBTS a chur i bhfeidhm.

## An Clár Rioscaí

Sa chlár rioscaí, aithnítear cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéise, clú, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibríochta don eagraíocht agus, dá dtarlódh an riosca, na rialuithe a bhfuil ann dóibh cheana féin agus na gníomhartha breise a mbeadh gá leo leis an tionchar a bheadh ar an eagraíocht a mhaolú. Tá freagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar shocruithe teagmhasachta. Táthar i ndiaidh sraith rioscaí dosheachanta a aithint fosta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht orthu go rialta. Faoi láthair, déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an clár rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Cinntítear leis an monatóireacht sin gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnóthas Leantach

I ndiaidh dóibh fiosruithe réasúnacha a dhéanamh, tá súil réasúnach ag Comhaltaí an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ag IBTS leanúint de bheith ag feidhmiú sa neastodhchaí. Ar an ábhar sin, glacann siad i gcónaí le coincheap an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. I bhfianaise an easnaimh pinsin agus de bharr go bhféadfadh tuilleadh athruithe teacht ar luach shócmhainní agus dhliteanais na scéime pinsin i ndiaidh dháta an tuairiscithe, chuir an Bord – le linn coincheap an ghnóthais leantaigh a mheas ó thaobh é a bheith oiriúnach don tsraith Ráiteas Airgeadais seo – luachálacha go léir an chiste pinsin agus sreafaí airgid san áireamh don dá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. Tá an Bord den bharúil go mbeidh sé in ann a dhliteanais go léir a chomhlíonadh, lena n-áirítear scéim pinsin IBTS a mhaoiniú, nuair a bheidh siad dlite. Sna cúinsí sin, tá an Bord den tuairim go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach leis an tsraith seo de Ráitis Airgeadais a ullmhú.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha in IBTS agus as athbhreithniú a dhéanamh ar chomh héifeachtach agus atá siad. I gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird, cuimsítear na rialuithe sin a bunaíodh chun urrús réasúnach a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus faisnéis iontaofa airgeadais a bheith á húsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh ag sealbhóirí buiséid le haghaidh buiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceálacha fíorúcháin agus rialuithe ar phasfhocail sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Úsáid ordaithe uathoibríoch le nithe stoic a fhoréileamh
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (GRN) agus orduithe ceannaigh an stórais
- Seiceálacha fíoraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann cuntais iníoctha go n-íoctar sonraisc soláthraithe

Is eol don Bhord gur dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun an riosca nach mbainfear na cuspóirí gnó amach a bhainistiú, seachas an riosca sin a dhíothú. Ní féidir leis an rialú inmheánach ach urrús réasúnach a thabhairt, agus ní urrús iomlán, nach mbeidh míráiteas ná caillteanas ábhartha ann.

Fuarthas Doiciméad Treorach ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dar teideal "OCAG Insights: The impact of COVID-19 on your control environment", i nDeireadh Fómhair. Fuair an bhainistíocht feidhmiúcháin cuidiú sa doiciméad sin maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a mheas.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir an Ordaithe um an mBord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Comhlíonann IBTS na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, diomaite de sholáthar a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta a cheannach agus busanna breise a fháil ar cíos lena chinntiú gur féidir scaradh sóisialta a chinntiú d'fhoirne cliniciúla agus iad ag taisteal chuig ionaid deonaithe fola.

## Nochtuithe Cosanta

Cloíonn IBTS leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus deimhníonn sé go bhfuil nósanna imeachta ann le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta in 2020.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

### COVID-19


Bhí tionchar ag COVID-19 ar cheannteidil éagsúla ioncaim agus costas agus (€1.7m) an tionchar glanluacha measta a bhí ann. An tionchar ba mhó a bhí ann ná an titim san ioncam agus bhí costais bhreise ann chomh maith, amhail trealamh cosanta pearsanta, costais sláinte ceirde, costais iompair agus clúdach breise foirne. Rinne cúiteamh ar na costais bhreise sin le sábháil airgid ar chostais taistil, oiliúna agus fógraíochta.

### Crua-earraí eProgesa

Chuir IBTS agus a sholáthraí tús leis na timpeallachtaí riachtanacha nua eProgesa agus eRiskline (Tástáil, Oil, Fíorú agus Táirgeadh mar aon le timpeallacht athshlánaithe ó thubaiste a óstáiltear go seachtrach sa suíomh athshlánaithe ó thubaiste) a thógáil do Phaiste Seimeastair nua S1, 2017. Rinneadh leagan nua de Bhunachar Sonraí Oracle a uasdátú go Oracle 19c agus, dá bharr, bhí gá le córas nua leis na sonraí a bhfuil gá leo a uaslódáil ó eProgesa go feidhmchlár BOSS. Tá na crua-earraí agus an feidhmchlár suiteáilte agus ag céim bhailíochtaithe faoi láthair agus is é Aibreán 2021 an dáta seachadta a bhfuil súil leis.

**Linda Hickey**

Cathaoirleach







# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Is mór an pléisiúr dom an chéad tuarascáil dom a scríobh mar Phríomhfheidhmeannach ar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS). Ní bliain a bhí in 2020 lena raibh duine ar bith ag súil, ach bhí IBTS in ann leanúint ar aghaidh lena tháirgí agus seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar do sheirbhís sláinte na hÉireann. Chruthaigh COVID-19 dúshláin dúinn ar fad agus b'éigean do IBTS freagairt go gasta ar chás a bhí ag athrú go sciobtha. Tugadh isteach córas coinní do dheontóirí beagnach thar oíche agus leanadh ar aghaidh de chlinicí deonacháin a fheidhmiú ar fud na tíre ar bhealach a chinntigh go raibh ár ndeontóirí agus ár mbaill foirne sábháilte agus a d'fhág go rabhthas in ann an soláthar náisiúnta fola a choinneáil. Go hinmheánach, b'éigean dúinn dul i dtaithí ar nithe éagsúla: bealaí úra oibre, amchláir nua oibre a chur i bhfeidhm, na céadta ball foirne a ghríosú le bheith ag cianobair, róil a athrú do chuid de na baill foirne, trealamh cosanta pearsanta a fhoinsiú, treoirlínte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le baill foirne, na céadta fiosrú a fhreagairt agus, gan amhras, a chinntiú go raibh gach duine á choinneáil ar an eolas i dtaca leis an treoir riachtanach ar fad, idir shláinte phoiblí agus treoir de chuid na heagraíochta. Iarracht ar leith a bhí ann agus is mian liom buíochas a ghlacadh leis na baill foirne ar fad as a bpáirt féin a ghlacadh. Caithfear buíochas speisialta a ghabháil leis na hoibrithe deonacha ar fad a chuidigh linn na clinicí a choinneáil i mbun gnóthaí, go háirithe na foirne ón gCosaint Shibhialta ar fud na tíre a thug tacaíocht dár bhfoirne sna clinicí go laethúil.

Bhí tús curtha ag IBTS leis an bpróiseas comhairliúcháin dár bplean straitéiseach nua ***Ceangail Fhóinteacha: IBTS a Fhorbairt 2021 - 2025*** sular tháinig COVID-19 chun na tíre. Cé go raibh brúnna breise ar an eagraíocht le linn na bliana an soláthar fola agus ár seirbhísí eile a choinneáil sa siúl i rith céimeanna éagsúla srianta, leanadh ar aghaidh den obair lenár straitéis a fhorbairt agus rinne an Bord í a fhaomhadh ag a chruinniú i mí na Nollag. In *Ceangail Fhóinteacha*, leagtar amach treo straitéiseach na heagraíochta do na cúig bliana atá le teacht, a chinnteoidh go mbeidh IBTS ar thús cadhnaíochta go fóill i réimse na míochaine fuilaistriúcháin. Mar chuid d'fhorbairt na straitéise, bhí deis againn leas a bhaint as próiseas leathan comhairliúcháin, idir inmheánach agus seachtrach, lenár misean, fís agus luachanna a athnuachan.

Rud eile a baineadh amach in 2020 ná gur forbraíodh an céad ***Straitéis Taighde agus Forbartha*** (R&D) dár gcuid a chuirfear i bhfeidhm thar thréimhse trí bliana. Fochoiste Forbartha Taighde ar a mbeidh comhaltaí Boird agus saineolaithe seachtracha ó Éirinn agus thar lear a dhéanfaidh feidhmiú na straitéise seo a mhaoirsiú.

Deis iontach atá anseo do IBTS comhpháirtíochtaí comhoibrithe a chothú le hinstitiúidí acadúla mar aon le cleachtóirí míochaine ar fud na hearnála sláinte. Díreofar ar na téamaí taighde seo a leanas le linn na Straitéise Taighde agus Forbartha seo: eipidéimeolaíocht galar agus soghabháltacht ghéiniteach, diagnóisic fheidhmeach agus dul chun cinn teicniúil, beartas deonaithe agus iarchurtha agus meastóireacht chliniciúil ar fhuilaistriú agus ar aistriú fíocháin.

Tástáladh na socruithe pleanála teagmhasaí atá againn de bharr COVID-19 san fhíor-am agus tá cuid mhór foghlamtha againn dá bharr. Déanfar an méid a foghlaimíodh a chur san áireamh inár bPlean Leanúnachais Gnó nuair a dhéanfar athbhreithniú air arís in 2021. Le linn na bliana, b'éigean do IBTS ullmhúchán a dhéanamh do Brexit. Bhí teagmháil le déanamh le soláthraithe agus bhí orainn a chinntiú go raibh stoc teagmhasach againn le haghaidh soláthairtí criticiúla agus i gcásanna áirithe socruithe a dhéanamh le soláthraithe iompórtáil go díreach ón Mór-Roinn seachas droichead talún na Ríochta Aontaithe a úsáid.

Ar an drochuair, ní rabhthas in ann cloí le traidisiúin áirithe in 2020. B'éigean searmanais chun gradaim a bhronnadh ar dheontóirí a chur ar ceal de bharr shrianta sláinte poiblí COVID-19. Tá súil againn tús a chur leis na himeachtaí sin arís sa dara leath de 2021 agus ceiliúradh a dhéanamh ar an éacht dochreidte atá bainte amach ag na deontóirí sin a bhfuil garspriocanna suntasacha deonacháin sroichte acu.

Is é clár iLead an clár forbartha ceannaireachta do bhaill foirne atá againn a dearadh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh. Ba ghá an clár a aistriú chun na foghlama ar líne in 2020 agus is é sin an modh a chuirfear i láthair é go ceann i bhfad. Chuir ceithre bhall déag den fhoireann an clár i gcrích. Fuarthas aiseolas dearfach ina leith agus táimid ag tnúth dá bhrí sin lena chur ar fáil ar fud na heagraíochta.

Chuaigh an Príomhfheidhmeannach romham, Andy Kelly, ar scor i Meitheamh 2020. Bhí an t-ádh orm tréimhse aistrithe a bheith agam le Andy a bhí an-luachmhar ar fad domsa le linn tréimhse ina raibh an-éiginnteacht agus athrú sciobtha ar bun, ní hamháin in IBTS ach dúinn ar fad.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na baill foirne atá i ndiaidh seirbhís dhílis thiomanta a thabhairt don eagraíocht agus leo siúd a d'éirigh as a róil le linn na bliana. Tá siad go léir i ndiaidh cur go suntasach le hobair IBTS ar mhaithe le hothair agus deontóirí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go pearsanta leis an mBord, le Foireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin agus leis na baill foirne ar fad as an gcuidiú agus tacaíocht i rith na bliana. Bhí a lán dúshlán romhainn go léir le linn na bliana, seilbh a ghlacadh ar cheannaireacht IBTS ar cheann acu.

Beimid ag leanúint ar aghaidh leis an nuálaíocht agus le tuairimí nua a thabhairt chuig an obair ar mhaithe leis na hothair agus na deontóirí a bhfreastalaímid orthu. Tugtar achoimre inár straitéis ar cad é mar atá sé beartaithe againn tabhairt faoi. Lenár luachanna athnuaite, léirítear cad chuige a ndéanaimid an méid a dhéanaimid.

**Orla O'Brien**

Príomhfheidhmeannach



**Déanaimid ár ndícheall chun sármhaitheas a bhaint amach**



**Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla**



**Is breá linn ár ndeontóirí**



**Cuirimid feabhas ar shaol na n-othar, i dteannta a chéile**



**Is sinne IBTS**



# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíochta

Tháinig paindéim SARS CoV 2 go hÉirinn i mbliana agus, mar gheall air sin, tháinig athruithe ar an mbealach a mbímid ag obair de bharr thionchar an ghalair sin (COVID-19) ar ospidéil agus ar an bpobal i gcoitinne ar fud na tíre. Tá ár ndeontóirí fola i ndiaidh freagairt go nótáilte agus, in ainneoin na mbeart cosanta ar fad a cuireadh i bhfeidhm, bhí stoic fola againn ar leibhéil sheasmhacha dhóthanacha le freastal ar an éileamh i rith na bliana, cé go raibh leibhéal ní ba lú ann d'fhuilchealla dearga agus pláitíní. Tá taifeadadh déanta in áit eile sa tuarascáil bhliantúil seo de na hathruithe ar chlinicí deontóirí agus den tionchar ar an soláthar agus ar an éileamh.

## Plasma téarnaimh

Nuair a tháinig an phaindéim, rinneamar próiseas a fhorbairt agus a bhailíochtú chun plasma téarnaimh a bhailiú. Rinne an rialálaí, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, é sin a údarú mar ba chuí don úsáid chliniciúil. Bhí sé beartaithe go n-úsáidfí an chomhábhar sin le haghaidh trialacha cliniciúil, ach, ar an drochuair, ní bhfuarthas an maoiniú. Léiríodh sna sonraí ó thrialacha cliniciúla in áiteanna eile nach raibh aon bhuntáiste teiripeach ag baint le plasma téarnaimh COVID-19 i gcomparáid le straitéisí cóireála eile.

Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh IBTS ábalta plasma téarnaimh a chur ar fáil má bhíonn paindéimí nó eipidéimí ann amach anseo mar go bhfuil seans ann go mbeidh víris eile a scaiptear san fhuil soghabhálach i leith na modheolaíochta cóireála sin.

## Taighde agus forbairt

Ceapadh an Príomh-Éascaitheoir Taighde agus Forbartha i mí Lúnasa. Leis sin, bhíothas ábalta straitéis Taighde agus Forbartha a fhorbairt, a foilseofar in 2021. Mar gheall ar an atheagrú taighde in IBTS, cuirfear ar a gcumas do bhaill foirne cur go mór leis an litríocht eolaíoch i réimse na míochaine fuilaistrithe.

## Saotharlanna

Baineadh feidhm go leanúnach as saotharlanna IBTS i rithe na paindéime. Nuair ba phraiticiúil, cuireadh baill foirne ina bhfoirne mar bheart ionas go laghdófaí an cur isteach ar an tseirbhís dá mba rud é gurbh éigean do bhall foirne leithlisiú mar gheall ar ionfhabhtú nó dlúth-theagmháil COVID-19.

Sa tsaotharlann tíopála fíocháin (HLA), tugadh isteach modheolaíocht seicheamhaithe don chéad ghlúin eile (NGS) lena dtugtar gléine níos fearr de na géinte HLA atá iontach polamorfach agus coimpléascach. Leis an teicneolaíocht tíopála fíocháin úrscothach fheabhsaithe sin, déanfar soláthar chun deontóirí gaschille a phéireáil níos fearr le hothair a bhfuil trasphlandú uathu.

Tháinig fás go leanúnach ar an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola agus tá méadú ag teacht ar líon na máithreacha atá Rh-Diúltach a fhaigheann tíopa Rh a leanaí amach. Cuireann an tseirbhís sin leis an gclár caighdeánach réamhbhreithe próifiolacsais frith-D (RAADP). Aithnítear na cásanna sin ina bhfaightear amach go bhfuil an féatas Rh D diúltach agus nach mbíonn instealltaí frith-D ag teastáil dá bharr.

Tá tástáil ar antasubstaint SARS CoV 2 curtha i bhfeidhm sa tsaotharlann víreolaíochta a fhágann gur féidir plasma téarnaimh a thréithriú. Rinneadh staidéar séirealeitheadúlachta ar dheontóirí le linn na paindéime fosta a fhoilseofar níos moille in 2021. Rinneadh tástálacha le haghaidh antasubstaintí maláire a bhailíochtú sa tsaotharlann seo fosta le bheith réidh le haghaidh feachtas earcaíochta do dheontóirí a bhfuil sinsearacht na hAfraice acu, a raibh cónaí ar go leor acu i gceantair ar fud an domhain a raibh eindéimeacht maláire iontu. Tá na deontóirí sin ag teastáil chun meaitseáil Rh fola a theastaíonn le haghaidh othair chorráncheallacha a fheabhsú.

## An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (NTAG)

Is éard atá in NTAG ná ionadaíocht leathan ar na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n-áirítear ceannasaithe cliniciúla ó réimse clár, IBTS, cumainn náisiúnta, Dámh na Paiteolaíochta, FSS, gníomhaireachtaí náisiúnta lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO), an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (PHECC) agus an Oifig Náisiúnta um Iniúchóireacht Chliniciúil (NOCA) mar aon le hionadaithe ar othair agus deontóirí. Ba é Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann a bhí mar óstach ar an gcéad chruinniú a bhí ag NTAG i mí Eanáir 2020.

## Pleananna náisiúnta chun easpa cealla dearga agus pláitíní a bhainistiú

Nuair a tháinig SARS CoV 2 chun cinn, rinneadh athbhreithniú ar an bplean don phaindéim roimhe seo (ó phaindéim fhliú na n-éan, 2009). Ar an ábhar gur seoladh NTAG agus go bhfuil comhaltas leathan ann, ba chuí an plean sin a nuashonrú agus ceadaíodh agus foilsíodh prótacail náisiúnta maidir le heaspa cealla dearga agus pláitíní ar thairseach fuilaistriúcháin FSS.

## Athbhreithniú ar iompraíochtaí sóisialta

In 2017, rinne IBTS laghdú ar iarchur buan go hiarchur 12 mhí i gcás fir a mbíonn gnéas acu le fir (MSM) agus gníomhaíochtaí ardriosca eile a bhaineann le daoine a bhfuil páirtithe acu ó cheantair a bhfuil leibhéil arda VEID iontu (an Afraic fho-Shahárach). Tá eagrais fola eile san Eoraip agus i Meiriceá atá ag déanamh athruithe ar an iarchur le haghaidh fir a mbíonn gnéas acu le fir eile anois agus, dá bharr sin, braitheadh gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás in Éirinn. Táthar i ndiaidh coiste a bhfuil comhaltaí neamhspleácha air a ghairm le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise agus moladh a dhéanamh do IBTS. Tá súil go gcuirfear é sin i gcrích faoi go mall in 2021.

## Taisceadh Súl

Faoi láthair, déanann IBTS gach coirne agus fíochán súilí a iompórtáil ó SAM agus cuireadh tús leis an bpleanáil i mbliana chun an banc súl in Éirinn a athoscailt.

## Plasma

Le 20 bliain anuas tá plasma don úsáid theiripeach á iompórtáil mar tháirge tráchtála comhthiomsaithe a bhfuil pataiginí laghdaithe ann. Mar sin féin, léiríodh san fhianaise i measúnú riosca 2019 go bhfuil plasma a dhíorthaítear ó dheontóirí Éireannacha ar riosca an-íseal le haghaidh vCJD agus, dá bhrí sin, ba cheart é a thabhairt isteach in ospidéil na hÉireann arís. Aon phlasma a bhfuil níos mó de ann ná atá de dhíth don ghnáthúsáid theiripeach, thiocfadh é a sheoladh chun codáin próitéine a tháirgeadh, mar shampla glóbailin imdhíonachta infhéitheach. Díreofar isteach air sin in IBTS in 2021.

# OIBRÍOCHTAÍ



# Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin

## Na príomhrudaí a baineadh amach

- An soláthar fola a chaomhnú cé go raibh an-chuid dúshláin shuntasacha ann a bhain le COVID-19
- Clinicí bunaithe ar choinní a thabhairt isteach do gach clinic deonaithe fola
- Sábháilteacht deontóirí agus na mball foirne a chinntiú agus san am céanna leanúint ar aghaidh le clinicí deonaithe fola bunaithe sa phobal
- Feachtas margaíochta nua “We Count on You” a sheoladh.

## An soláthar fola a chaomhnú le linn COVID-19


Bíonn sé mar aidhm ag IBTS soláthar 7 lá fola a bheith ann lena chinntiú go mbeidh sé in ann soláthairtí a chur ar fáil do na hospidéil ar fud na tíre. Leis sin a dhéanamh, caithfear tabhairt faoi chóir a bheith 40 clinic deonaithe fola ar fud na tíre gach seachtain. Nuair a tháinig COVID-19, bhí dúshlán mór ann an inniúlacht sin a bhaint amach. B’éigean go fóill tabhairt faoi chlinicí, ionaid a fháil, sábháilteacht na mball foirne, na ndeontóirí agus na fola a dhearbhú agus deontóirí a chur ar a suaimhneas. Cé gur thit an t-éileamh ó na hospidéil ar dtús faoi bheagnach an cheathrú cuid ó lár mhí an Mhárta ar aghaidh, bhí úsáid na n-ospidéal faoi mhí na Bealtaine ar ais gar do na leibhéil a bhí ann sular tháinig COVID-19, agus tá siad i ndiaidh fanacht ar na leibhéil den chuid is mó ó shin. I rith na tréimhse seo ar fad, chuir IBTS soláthar fola agus pláitíní ar fáil do na hospidéil, na fuilghrúpaí diúltacha amhail O diúltach agus B diúltach san áireamh, atá níos dúshlánaí a aimsiú. Go sonrach, d’éirigh linn buanorduithe dhá uair sa tseachtain maidir le fuil níos neamhchoitianta a chur chuig ár n-ospidéil nuabheirthe a chomhlíonadh.

Cuid lárnach de sin ná gur tugadh isteach coinní le haghaidh gach clinic deonaithe fola. Ar an ábhar gur cuireadh coinní in áirithe leis na clinicí roimh ré, bhí IBTS in ann rialú a dhéanamh ar líon na ndoirse ar gach clinic ag aon am, a d’fhág go rabhthas ábalta scaradh sóisialta a chinntiú. B’éigean tabhairt faoi sin ar fad ar an bhfón mar caithfear gach deontóir a scagthástáil roimh ré maidir le neamhchosaint ar COVID-19 sula dtagann siad chuig clinic. Ó tugadh isteach é i lár mhí an Mhárta go dtí deireadh 2020, chuir Seirbhísí Deontóirí i gcrích corradh le 150,000 scagthástáil roimh ré agus áirithint agus bhí cuid mhaith de na baill foirne ag freagairt scairteanna agus iad ag obair go cianda ón mbaile.

Anuas air sin, rinneadh a lán athruithe ar chlinicí, lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta á chaitheamh ag gach ball foirne agus leaganacha nua clinicí chun scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm. Leis sin a éascú, b’éigean méid áirithe athruithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear ionaid níos mó a úsáid a d'fhág go raibh ar roinnt deontóirí achair níos faide a thaisteal ná roimhe sin le freastal ar chlinicí (bhí an deonú fola rangaithe mar thaisteal riachtanach). Bhí sé sin go speisialta dúshlánach óir bíonn IBTS ag brath de ghnáth ar scoileanna, óstáin áitiúla agus saoráidí le haghaidh cuid mhór dá n-ionad clinic atá bunaithe sa phobal agus bhí an-chuid acu siúd nach raibh ar fáil le linn COVID-19. Táimid thar a bheith buíoch de na hionaid sin a fhreastalaíonn orainn go fóill, in 2020 agus ar aghaidh le linn 2021.

Lena chois sin, le moilleanna ag clinicí a sheachaint, b’éigean dúinn líon na sliotán ama a bhí ar fáil do dheontóirí nua a laghdú agus a theorannú agus a chinntiú go raibh go leor sliotáin ama ar fáil do dheontóirí a bhí ann cheana.

Toradh suntasach dearfach amháin atá tagtha as na hathruithe sin ar fad ná an t-aga laghdaithe a ghlacann sé ar dheontóirí an deonú iomlán fola a chur i gcrích. Tá nóta déanta ag a lán deontóirí ar na meáin shóisialta faoi sin.






## Feachtas #WeCountOnYou

In Eanáir 2020, sheol IBTS an chéad chéim eile dár bhfeachtas earcaíochta deontóirí Every One Counts a bhfuil gradam buaite aige dar teideal "We Count on You". Rinneadh forbairt ar an bhfeachtas ina bhfuiltear ag díriú anois ar na húsáidí is féidir a bhaint as deonacháin fola agus pláitíní chun cóireáil a chur ar othair a dteastaíonn siad uathu agus dírítear anois freisin ar cad chuige a mbímid ag brath ar na deontóirí a ndeonacháin a thabhairt ag clinicí i rith na bliana. Rinneadh forbairt ar shraith nua d'ábhar fógraíochta ag deireadh 2019 le céim nua den fheachtas a sheoladh in Eanáir 2020. San fhíseán "Diagnosis", léirítear go dtéann 67% d'fhuil a dheonaítear chuig othair a fhaigheann fuilaistriú agus iad ag fáil cóir leighis faoi choinne ailse. Sa dara físeán, "Newborn", dírítear ar go n-úsáidtear 6% den fhuil a dheonaítear chun cóir leighis a chur ar fáil don chaillteanas fola i ndiaidh breith clainne agus chun cuidiú le leanaí nuabheirthe agus réamhaibí.

Taispeánadh an fógra "Diagnosis" ar chainéil éagsúla chumarsáide in Eanáir agus Feabhra 2020, teilifíseán náisiúnta, físeán ar éileamh, raidió náisiúnta agus áitiúil, Spotify agus fógraíocht ar líne ina measc. Is é is cuspóir don fheachtas oideachas a chur ar fáil agus deontóirí a mhealladh chun aistriú ón bhfeasacht go dtí an gníomh. Is tábhachtach a chur in iúl do lucht éisteachta agus féachana forleathan an tábhacht a bhaineann le deonú fola i rith na bliana mar chuid den saol laethúil agus deontóirí a spreagadh agus a ghríosú dul chuig na clinicí áitiúla atá acu nuair is féidir leo.


Bhí an feachtas le bheith ar siúl le linn na dtréimhsí séasúracha tábhachtacha le linn na bliana ar chúpla cainéal ach, mar gheall ar éigeandáil COVID-19, rinneadh athbhreithniú ar phleananna agus athrú ar chumarsáid chun freastal ar na riachtanais nua le haghaidh deontóirí a bhí ag freastal ar chlinicí le linn na paindéime.



# Cumarsáid le linn COVID-19

Ar an ábhar go raibh COVID-19 ann agus go raibh eagla ar dhaoine teacht le chéile in áiteanna sóisialta, tháinig athrú ar ár gcumarsáid le deontóirí. Bogadh ar shiúl ón bhfeasacht agus ón spreagadh a fhorbairt agus díríodh ar dheontóirí a bhí ann cheana féin a chur ar a suaimhneas faoin tsábháilteacht sa chlinic agus iad ag tabhairt fola chomh maith leis an ngá i rith an ama coinne a dhéanamh agus freastal ar chlinicí cionn is go raibh éileamh leanúnach ann ó na hospidéil. Ó Mhárta go Nollaig 2020, bhain an chumarsáid leis an eolas is déanaí a thabhairt do dheontóirí ar na meáin shóisialta agus ar ár suíomh gréasáin faoi athruithe ar an bpróiseas clinic agus ar ár dtreoirlínte mar gheall ar COVID-19. Tugadh tús áite don teagmháil le deontóirí agus do cheisteanna uathu a fhreagairt maidir le hincháilitheacht, chomh maith le hiad a chur ar a suaimhneas gur seirbhís riachtanach atá i gceist le fuil, pláitíní agus smior a dheonú, agus go mbíonn sé riachtanach dúinn go bhfreastalóidh ár ndeontóirí ar an gclinic go fóill agus, san am céanna, go raibh gach iarracht ar bun lena chinntiú go mbeadh na deontóirí agus na baill foirne slán sábháilte sna clinicí.




Rinneadh nuashonrú ar an suíomh gréasáin agus cuireadh fuinneog aníos maidir le COVID-19 ann chomh maith le leathanach ar leith ar a bhfuil faisnéis thábhachtach le haghaidh deontóirí sula dtiocfadh siad chuig an gclinic. Rinneadh nuashonrú ar thimpealláin ar an suíomh gréasáin agus ar mheirgí ar na meáin shóisialta agus cuireadh teachtaireachtaí tábhachtacha orthu le haghaidh aon duine a bhí le fuil a dheonú le linn na bliana.

Cruthaíodh postálacha faisnéise ar na meáin shóisialta mar fhreagairt ar na ceisteanna ba mhinice a chuir deontóirí ar thopaicí amhail sábháilteacht agus bearta um scaradh sóisialta sna clinicí, córas coinní na gclinicí agus an polasaí maidir le maisc a chaitheamh sa chlinic, etc.

Tá fás leanúnach i ndiaidh teacht ar ár gcainéil ar na meáin shóisialta le linn na bliana. Bhí breis agus 129k leantóir againn ar ár leathanach Facebook ag deireadh 2020 agus 20.9k leantóir ar ár leathanach Twitter. Úsáidtear an leathanach Twitter chun go leor nótaí agus ceisteanna ó dheontóirí a fhreagairt gach lá, maille le teagmháil a dhéanamh leis na soláthraithe mórmheán agus grúpaí sainspéise lenár dteachtaireacht a threisiú.

Tháinig fás ar líon leantóirí Instagram Giveblood.ie, ó 200 in 2019 go 8.7k i Nollaig 2020. Tá fás i gcónaí ar an gcainéal meán sóisialta seo agus is é an sprioc atá ann ná leanúint de níos mó a dhéanamh ar an ardán seo chun teagmháil a dhéanamh lenár ndeontóirí níos óige. Tá fás nádúrtha ag teacht ar leathanach LinkedIn IBTS i measc lucht gnó; bhí 2.8k leantóir againn ag deireadh 2020.

Tá ardleibhéal rannpháirtíochta i ndiaidh a bheith againn ar ár gcainéil meán sóisialta agus aiseolas á fháil againn ó dheontóirí faoi chóras nua na gcoinní. Tá baill foirne agus deontóirí i gclinicí ar fud na tíre i ndiaidh scéalta agus pictiúir iontacha a sheoladh isteach maidir leis na garspriocanna atá bainte amach acu agus na cúiseanna ar deontóirí iad. Molaimid d'aon duine a bhfuil scéal aige mar dheontóir nó mar fhaighteoir fola an scéal sin a roinnt linn agus cur ar ár gcumas na héachtaí atá bainte amach againn saolta a shábháil a cheiliúradh.




## Comhpháirtíocht

Gné thábhachtach de theagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus an tábhacht a bhaineann leis an bhfuildheonú a scaipeadh i measc an phobail atá sa chomhpháirtíocht. In 2020, chuaigh IBTS i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí amhail CLG, Macra na Feirme, Réiteoirí FAI agus a lán eagraíochtaí pobail a thug tacaíocht leanúnach dúinn ár gclinicí a chur chun cinn le linn na n-amanna dúshlánacha.

Comhpháirtíocht a bhí go speisialta tábhachtach in 2020 ná ár gcomhpháirtíocht le Vodafone. Seoladh breis agus 6 milliún téacsteachtaireacht saor in aisce chuig deontóirí maidir le clinicí agus coinní.

Tá IBTS thar a bheith buíoch de na heagraíochtaí sin ar fad as an tacaíocht i rith an ama. Táimid ag tnúth leis na caidrimh sin a fhorbairt in 2021, go háirithe agus muid ag tabhairt faoi chur le hearcaíocht deontóirí céaduaire níos moille sa bhliain.



## Feachtais earraí ar chlinic

Le linn phaindéim COVID-19, tugadh a pheann Giveblood.ie féin do gach deontóir leis an gceistneoir faoin tSláinte agus Stíl Mhaireachtála a líonadh agus a thabhairt chun an bhaile leis ina dhiaidh.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbaineann ár ndeontóirí sult as an am a chaitheann siad inár gclinicí. Is é is aidhm dúinn go mbeidh cuairt speisialta acu ionas go mbeidh siad ag dúil le teacht ar ais arís le fuil agus pláitíní a dheonú. Reáchtálamar cúpla mionfheachtas d'earraí bolscaireachta ar bhonn séasúrach anuas ar na hearraí rialta amhail pinn agus fáinní eochracha deora fola. Bhí croíthe seacláide ar fáil do dheontóirí i gclinicí thart ar Lá Fhéile Vailintín agus um Cháisc.

Bhí i mbliana ar an dara bliain dár bhfeachtas speisialta earraí Nollag ina raibh ceithre cinn de mhaisiúcháin Nollag Giveblood.ie a raibh deontóirí ábalta tabhairt abhaile leo. Cruthaíodh na maisiúcháin adhmaid le buíochas a ghabháil le deontóirí as an mbronntanas iontach a thugann siad chun cuidiú le hothair a bhfuil an cuidiú sin de dhíth orthu. Ba iad ceathrar páistí misniúla a fuair fuilaistriú a dhear na maisiúcháin adhmaid a cuireadh ar taispeáint ar chrainn Nollag IBTS sa chlinic, rud a chur le spiorad na féile sna clinicí. Cuireadh scéal an pháiste a fuair deonachán in éineacht le gach maisiúchán, ag míniú cad é mar a fuair sé nó sí aistriú fola, pláitíní nó smeara agus an dóigh ar chuidigh sin leo bisiú go maith. Arís eile, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Ciara, James, Clodagh agus Issy as a gcuid líníochtaí áille agus as a gcuid scéalta spreagúla a roinnt linn.

## Gradaim na nDeontóirí


Ar an drochuair, ní rabhamar in ann aon searmanas bronnta do dheontóirí a bheith againn in 2020. Ach tá pacáiste ceiliúrtha á fhorbairt le haghaidh 2021 a sheolfar amach chuig ár ndeontóirí 50 agus 100 uair le haitheantas a thabhairt dóibh as a bhfuil bainte amach acu agus garsprioc deonacháin sroichte acu.







# Staitisticí deontóirí


## Deontóirí 2019 i gcomparáid le 2020





## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí





## Deontóirí Céaduaire




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar

## Na príomhrudaí a baineadh amach:

- Caomhnaíodh stoic fola ar fud an tslabhra soláthair, a d'fhág go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais na n-othar i gcónaí.
- Rinneadh feidhmeanna próiseála fola agus seirbhísí túslíne ospidéal a choimeád ar bun i rith phaindéim COVID-19. Bhí ardleibhéal dúthrachta, solúbthachta agus comhlíonta ann i measc na bhfoirne ar fad.
- Rinneadh obair le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha le húsáid na gcomhábhar fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú le haghaidh na ngrúpaí othar ar fad.
- Rinneadh teagmháil le comhpháirtithe cúraim sláinte seachtracha lena riachtanais a fháil amach agus baineadh feidhm as rannpháirtíocht custaiméirí agus suirbhéanna le haiseolas a fháil.
- Cuireadh i bhfeidhm prótacail bharrfheabhsaithe chun scagthástáil a dhéanamh ar bhaictéir. Bhí seilfré uathoibríoch 7 lá ann le haghaidh na dtáirgí ar fad ó phláitíní agus, leis sin, bhíothas ábalta sábháilteacht agus infhaighteacht táirgí a fheabhsú.
- Aistríodh róil próiseála fola agus róil eolaíocha chun an leas is fearr a bhaint as scileanna agus buanna, a chinntigh gurbh fhéidir sármhaitheas oibriúcháin a bhaint amach gach lá agus tacaíocht 24/7 a chur ar fáil do chustaiméirí agus go mbeadh an cumas ann táirgí fola a fhorbairt san am atá le teacht.
- Rinneadh trealamh próiseála fola a athsholáthar go straitéiseach chun cumas próiseála úrscothach chomh maith le dea-chleachtas oibriúcháin a choimeád ar bun.
- Rinneadh próisis nua a bhailíochtú maidir le plasma téarnaimh a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil chun cóir leighis a chur ar COVID-19.
- Tugadh isteach tuaslagán nua breiseáin le haghaidh pláitíní nite agus, mar sin, tháinig méadú ar sheilfré an táirge ó 6 uair an chloig go 24 uair an chloig.

Tá an fheidhm chun Comhábhair a Tháirgeadh freagrach as gach deonachán fola iomláine, linn pláitíní agus deonachán aifiréise pláitíní a fhaightear go náisiúnta a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce.

Tá an fheidhm Seirbhísí Ospidéil freagrach as fardal a bhainistiú agus ordaithe fola agus orduithe táirgí fola a fháil ó ospidéil agus a eisiúint chucu.

Tá an Fhoireann don Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar freagrach as gach táirge pláitíní, táirge fola iomláine neamhghnáthaimh agus táirge fuilchille deirge a eisítear ó NBC a bhainistiú. Cuireann an fhoireann sin tacaíocht eolaíoch ar fáil go laethúil freisin le haghaidh ranna éagsúla agus tá an fheidhm forbartha táirgí mar chuid dá ról.

Fuarthas 34,981 ordú ar tháirge ar an iomlán go leictreonach in 2020, ar laghdú 1.1% é sin ar 2019. Astu sin, fuarthas 28,119 acu (80%) in NBC agus 6,862 acu (20%) in Ionad Chorcaí.

## Gníomhaíocht Comhábhar Fola

Bhí laghdú ar na fuilchealla dearga (-5.2%) agus pláitíní (-1.5%) a eisíodh chuig ospidéil in 2020, i comparáid le 2019, mar gheall ar thionchar COVID-19 ar ghníomhaíocht sna hospidéil den chuid is mó. Bhí éagsúlacht sa tionchar ar an éileamh i gcaitheamh na bliana. Tháinig an laghdú ba shuntasaí ar úsáid fola le linn na chéad ráige den phaindéim. Le linn na tréimhse sin, tháinig laghdú suas le 43% ar na fuilchealla dearga a eisíodh agus tháinig laghdú suas le 23% ar bhonn seachtainiúil ar na pláitíní a eisíodh, i gcomparáid leis an líon eisíodh go seachtainiúil in 2019.

Próiseáladh fuil deontóirí leis na táirgí seo a leanas a dhéanamh:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Lánfhuil agus Cealla Dearga** | | |
| 1.411 mm | 18 | 0[1] |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1165 | 0[1] |
| Tiúchan Ceall Dearg | 106,913 | 96,813 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 11,191 | 3,764[1] |
| Lánfhuil Téachta | 28 | 28 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 108 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid IVD | 117,556 | 84,876 |
| **Aifiréis Pláitíní - Dáileoga** | | |
| Pláitíní aifiréise | 19,344[2] | 9,785[3] |

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Cealla Dearga** | | |
| Cill Dhearg Curtha ar Fuaidreamh Arís | 793 | 762 |
| Fuilchealla Dearga Nite Ionradaithe | 2 | 2 |
| Cealla Dearga Leáite/Nite | 0 | 0 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 20 | 18 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 330 | 133 |
| Fuilchealla Dearga, Plasma Laghdaithe, Ionradaithe | 5 | 3 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 617 | 600 |
| Fuilchealla Dearga, Roinnte don Úsáid Nua-Naíoch Ionradaithe | 38 | 34 |
| Cill Dhearg, Ionradaithe | 14,733 | 14,244 |
| Cill Dhearg, Úsáid Nua-Naíoch, Ionradaithe | 224 | 218 |
| Lánfhuil Athdhéanta | 0 | 0 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 119 | 93 |
| **Táirgí Pláitíní - Dáileoga** | | |
| Pláitíní, Aifiréis, Nite | 15 | 13 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 14 | 14 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 0 | 0 |
| Pláitíní, Aifiréis, Saol Sínte | 7,798[4] | 6,100 |
| Pláitíní, Taiscthe | 7,118 | 3,487[5] |
| Pláitíní taiscthe, Saol Sínte | 3.055[6] | 2,721[5] |
| **Leocaicítí, Taiscthe** | | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 2 | 2 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 0 | 0 |

**Fonótaí:**

[1] Is é seo an líon a eisíodh mar lánfhuil. Na haonaid eile, rinneadh iad a athphróiseáil ina dtáirgí fuilcheall dearg don úsáid ag daoine fásta nó plasma fuilcheall dearg a laghdaíodh don úsáid nua-naíoch.

[2] Is é seo líon iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh in 2020.

[3] Is é seo líon na ndáileog aifiréis pláitíní, nach bhfuil ach seilfré de 5 lá acu, a eisíodh don úsáid theirpeach. Ní áirítear leis na dáileoga ar síneadh a seilfré go 7 lá sular eisíodh iad.

[4] Is fothacar iad seo d'iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh


[5] Is é suim na bhfigiúirí seo (*i.e.* 3,487+ 2,721 = 6,208) líon iomlán na bpláitíní taiscthe a eisíodh don úsáid theirpeach


[6] Is fothacar iad seo de na 7,118 pláitín taiscthe a ullmhaíodh


Tabhair do d'aire nach gá go dtiocfaidh an méid a táirgeadh leis an méid a dáileadh mar gheall ar stoc ag teacht isteach a bhí ar fáil ó 2019 ach a eisíodh in 2020.


## Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaineacha

Bhí laghdú ar na táirgí míochaineacha a eisíodh in 2020 i gcomparáid le 2019. Bhí laghdú 8.6% ar LG-Octaplas a eisíodh agus laghdú 4.8% ar Riastap a eisíodh.






LG Octaplas agus Riastap a Eisíodh 2016 go 2020
20,000
15,000
10,000
5,000
0
17,889
18,119
18,168
16,679
15,251
6,437
6,838
7,154
8,220
7,826
2016
2017
2018
2019
2020



## Fuilchealla Dearga a Eisíodh in 2020




## Pláitíní a Eisíodh in 2020





# TÁSTÁIL



# An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (NDSL)

Bunaíodh an tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (NDSL) in 2020 nuair a cónascadh na trí shaotharlann tástála deontóirí: Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (ADG), Víreolaíocht agus Tástáil le haghaidh Aigéid Núicléasaigh (NAT). Bhí an-chomhoibriú ann idir na trí shaotharlann tástála deontóirí, chomh maith le hanailís ar shreabha oibre agus tagarmharcáil idirnáisiúnta le Forais Fola, a rinne éascaíocht ar an gcónascadh seo. Cuid lárnach den struchtúr nua seo ná oiliúint ó na ranna éagsúla a chur ar bhaill foirne a chuirfidh ar a gcumas dóibh seal a chaitheamh i ngach ceann de na trí roinn. Beidh taithí oibre níos saibhre ag baill foirne mar sin, agus beidh níos mó saoirse ann le clúdach a chur ar fáil. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2020 chun oiliúint a chur ar fáil thar na ranna agus é mar chuid lárnach den tionscadal clár fairsing oideachais a chur ar fáil do rannpháirtithe.

## Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020

- Thug baill foirne NDSL faoi dhúshlán phaindéim COVID-19, agus chuaigh siad in oiriúint ina leith. Tá siad i ndiaidh tástáil ar dheonacháin, próiseáil torthaí ar ardchaighdeán i gcónaí agus oiliúint ar bhaill foirne nua a choinneáil ar siúl. Leis sin a bhaint amach, bhí cuid mhór dúthrachta agus solúbthachta ag teastáil ó na foirne agus chuaigh siad i dtaithí ar an obair mar fhoirne scoilte agus/nó ar an obair ón mbaile nuair ba ghá. Bhí athruithe suntasacha ar chleachtais oibre ionas go mbeadh na foirne sábháilte agus, san am céann, go gcoinneofaí seirbhís NDSL ar siúl.
- Rinneadh na trí roinn a chónascadh go rathúil, is iad sin Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (ADG), Víreolaíocht agus Tástáil le haghaidh Aigéid Núicléasaigh (NAT), isteach sa tSaotharlann Náisiúnta scagthástála Deontóirí.
- Tá seoladh cláir shuntasaigh scilbhisithe oideachais agus oiliúna sa tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí forbartha agus tá an cúrsa acadúil sa Haemaiteolaíocht Imdhíonachta agus sa Scagthástáil le haghaidh galair thógálacha imdhíonachta a scaiptear i bhfuilaistriú á chur i láthair ar líne faoi láthair de bharr shrianta COVID-19. Rinneadh forbairt ar an gclár oiliúna trasrannach le tacaíocht ón Oifigeach Oiliúna agus Oideachais chun tacaíocht ó níos mó ná feidhm amháin a chur ar fáil do bhaill foirne sna trí roinn.
- D'aistrigh ADG chun cineál breisithe Rh (C, c, E, e) a chur i gcrích ar gach deontóir. Leis sin, tugtar rogha níos fearr aonad sna hospidéil d'othair a bhfuil antaibheathaigh fuilcheall dearg acu a bhíonn ann go coitianta.
- Lean ADG ar aghaidh lena chlár chun deontóirí a aithint ar féidir leo fhuilchealla dearga neamhchoitianta a dheonú. Mar fhreagairt ar othar ar aithníodh frith-Jra ann, d'aithin ADG deontóirí a bhí le tástáil agus, i gcomhar le RCI, aithníodh deontóir comhoiriúnach. Bhí dóchúlacht 3 i 10 milliún ann go dtiocfadh an deontóir sin a aimsiú, cionn is go raibh an tíopáil chomh hannamh sin.
- Thug an tsaotharlann Víreolaíochta isteach dhá mheasúnacht scagthástála le haghaidh Maláire, agus rinneadh iad a bhailíochtú, chun éascaíocht a dhéanamh ar thástáil roghnach ar dheontóirí le haghaidh maláire in 2021. Is iad na measúnachtaí atá i gceist ná Captia™ Malaria Total Antibody EIA agus Diapro Malaria Antibody ELISA.

- Le bheith níos inoiriúnaithe chun freastal ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo, chuir an tsaotharlann Víreolaíochta dhá anailíseoir don tséireolaíocht víreasach isteach, is iad sin Abbott Architect i2000 agus Dynex DS2 2-Plate ELISA Processing System. Ar an gcaoi sin, táthar ag cur le cumas na saotharlainne scagthástáil a dhéanamh le haghaidh 100+ marcóir sa bhreis le haghaidh galar.
- Thug an tsaotharlann Víreolaíochta isteach dhá mheasúnacht scagthástála le haghaidh antasubstaintí SARS-CoV-2 agus rinneadh iad a mheas, is iad sin an mheasúnacht EuroImmun Sars CoV 2 IgG agus DiaPro IgG Sars CoV 2 IgG ar ardán Dynex DS2 le haghaidh scagthástáil ar phlasma téarnaimh.
- Staidéar séirealeitheadúlachta SARS-CoV-2. Chuir an tsaotharlann Víreolaíochta tús le himscrúdú a dhéanamh ar leitheadúlacht agus dáileadh antasubstaintí SARS-CoV-2 i bpobal sláintiúil aosach ar deontóirí fola iad in Éirinn. Rinneadh an tástáil antasubstainte frith-SARS-CoV-2, gan nasc agus gan ainm, ar dheontóirí ar fheadáin tástála phlasma ó dheonacháin IBTS a roghnaíodh agus a stóráladh (reoite) idir Eanáir agus Meán Fómhair 2020. Beidh sé sin ar an staidéar is mó dá leithéid a cuireadh i gcrích go dtí seo in Éirinn.
- Stóráiltear sampla cartlainne de gach deonachán fola a tástáladh ag an IBTS ar <-20°C. I gcomhréir le hionaid fola eile, laghdaíodh an tréimhse choinneála sin go 10 mbliana. Tá an t-athrú sin á bhainistiú ag saotharlann NAT, a rinne maoirseacht ar scriosadh na cartlainne samplaí Víreolaíochta de thart ar 2,000 bosca de thráidirí cartlainne. As an scriosadh sin, tá coigiltis agus éifeachtúlachtaí suntasacha costais ann do IBTS. Tá an tionscadal le críochnú in 2021.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar rialuithe seachtracha cáilíochta NAT (EQCanna) a úsáidtear le cáilíocht thorthaí NAT a dheimhniú. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin ar EQCanna, lenar áiríodh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis agus ar úsáid, táthar i ndiaidh éifeachtúlachtaí agus coigiltis chostais shuntasacha a chur i bhfeidhm lenár EQCanna ‘Go/No-go’ a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar algartam tástála frithghníomhach tosaigh NAT HEV agus, as sin, cuireadh i bhfeidhm tástáil atá níos éifeachtúla.
- Tugadh isteach córas seachadta nua le haghaidh imoibrithe NAT ionas go mbeidh an próiseas níos éifeachtaí, níos glaise agus níos sábháilte don fhoireann.
- Cuireadh i gcrích go sásúil beart tástála teagmhasach le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS) faoi shrianta COVID-19 a bhí thar a bheith dúshlánach
- Cuireadh i láthair ‘A snapshot of ABO, RhD, Rh phenotype and Kidd profile in Modern Ireland’ mar chur i láthair póstaeir ag ISBT 2020.

In 2020, rinne an NDSL tástáil ar 133,229 deonachán, agus tháinig 127,434 acu sin ó dhaoine ar deontóirí athfhillteacha iad (96%) agus 5,795 (4%) acu ó dheontóirí céaduaire. Lena chois sin, rinneadh tástáil ar 761 deontóir nua nár thug ach sampla.

Rinneadh gach deonachán a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- ADG: ABO/Rh, feinitíopa breisithe Rh (CcEc), scagthástáil antasubstainte deontóra agus A/B ardtítir
- Víreolaíocht: Antasubstaint a bheith i láthair in aghaidh víris Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-VEID 1/2), antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C (frith-VHC), antasubstaint in aghaidh víreas Daonna T-Limfeatrópach chineál I agus II (frith-HTLV-I/II), antasubstaint in aghaidh chroíleacán Heipitíteas B (frith-HBc), Antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Siflis).

- NAT: Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna chineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC) agus víreas Heipitíteas B (VHB), víreas Heipitíteas E (VHE).

Rinneadh deonacháin roghnaithe a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:


- ADG: Cineálacha breisithe antaigine, haemaglóibin S, scagthástáil nuabheirthe le haghaidh antasubstaintí. Déantar deontóirí a thíopáil le haghaidh cineálacha breisithe antaigine (Fya/b, Jka/b, M, S/s) le haghaidh orduithe mar is gnáth ón ospidéal agus, chomh maith, chun feinitíopaí níos neamhchoitianta nó meascáin de chineálacha diúltacha antaigine a shainaithint. Baineann sin de ghnáth le hothair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistrithe acu amhail galar corráncheallach, antasubstaintí iolracha ceall dearg agus le fuil atá meaitseáilte go próifiolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí ceall dearg.
- Víreolaíocht: Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall ar 80% de dheonuithe) ionas go mbeidh soláthar deonachán atá CMV diúltach ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtú CMV e.g. othair imdhíon-lagaithe.
- NAT: Déantar tástáil le haghaidh Víreas na Níle Thiar (WNV) go rialta i saotharlann NAT ar dheontóirí roghnaithe a bhfuil taisteal déanta acu chuig ceantar atá i mbaol ón víreas sin le 28 lá anuas. Déantar an tástáil sin, de ghnáth, ó Bhealtaine go Nollaig gach bliain. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na srianta taistil a bhí i bhfeidhm dá barr, níor cuireadh tástáil do Víreas na Níle Thiar i bhfeidhm in 2020.

Tá dhá uirlis in úsáid in ADG: Úsáidtear PK7300 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Córais imdhíonhaemaiteolaíochta atá sa dá uirlis agus úsáideann an dá cheann acu teicnicí haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréchur ard é an PK7300 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáil le Córas Abbott Alinity s, arb anailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréchur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta ceimealonraí (CMIA) a úsáid le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair.

Déanann saotharlann NAT tástáil ar Dheonacháin Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) HEV agus WNV. Is córas dúnta iomlán uathoibrithe é an gaireas Panther a úsáidtear le haghaidh thástáil NAT. Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix UE chun RNA HIV-1/2 RNA, RNA HCV agus DNA HBV a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Úsáidtear measúnacht Procleix HEV chun RNA HEV a bhrath. Déanann measúntacht WNV leibhéal íseal RNA WNV (ginealach 1 agus 2) a bhrath go hiontaofa i ndeonacháin fola.

Déanann an tsaotharlann tástálacha scagthástála freisin ar mharcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de IBTS, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochan comhlaí croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.



## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta

Glacann NDSL páirt i Scéim Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) agus sna scéimeanna seachtracha measúnaithe cáilíochta (EQA) atá ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQM). Fuair gach roinn in NDSL scór 100% as cruinneas ina EQA ábhartha.

Bíonn ADG páirteach i gceithre scéim NEQAS agus i scéim EDMS amháin gach bliain. Is é atá i gceist leis sin ná 19 mbeart séireolaíochta ar leith agus 6 bheart maidir le haemaglóibin mínormálta. In 2020, ghlac ADG páirt den chéad uair sa Scéim um Fheinitíopáil Bhreisithe Fuilcheall Dearg.

Bíonn an roinn Víreolaíochta páirteach i dtrí cinn de chláir inniúlachta: ceann amháin a scaipeann Seirbhís Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) don Mhicribhitheolaíocht, an dara ceann ón NRL, an Astráil agus ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQMNAT)

Ghlac NAT páirt i gceithre scéim EQAS in 2020. Bhí ocht mbeart ar leith i gceist leo sin.

Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag an National Health Service Blood and Transplant (NHSBT) Epidemiology Unit/Health Protection Agency UK. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe leantacha agus ar na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealaimh tástála ag baint úsáid as uimhreacha éagsúla luchtóige imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

## Tástáil Teagmhais NDSL

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála atá in NDSL, tá plean don tástáil sheachtrach ag IBTS le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na huirlisí nó ar an láthair. Rinneadh mionathrú ar an bplean teagmhais in 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19. Mar sin féin, d'éirigh le NDSL páirt a ghlacadh in dhá bheart, faoinar seoladh samplaí ó 24 deontóir i gcomhair tástála. Tástáladh an plean teagmhais in 2020 agus baineadh torthaí dearfacha amach. Níorbh éigin an plean a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

## Iniúchtaí NDSL

Glacann an tsaotharlann páirt fosta i roinnt clár don Iniúchadh Inmheánach agus Seachtrach lena chinntiú go mbaintear amach comhlíonadh sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (QA) IBTS agus Saotharlann NDSL iniúchadh ar phróisis agus modhanna oibre NDSL.

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gascheall fuilghinte allataigineach (TGFA) in. Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leoicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Aimsíonn an tsaotharlann an tíopa antaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) sula ndéantar trasphlandú chun cabhrú le deontóir a roghnú. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha atá bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) amháin chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní HLA a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte HLA. Ar an 15 Meitheamh 2020, chuir NHIRL tús le tíopáil HLA le haghaidh 11 loci HLA (HLA-A, B, C, DRB1/3/4/5, DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú don Chéad Ghlúin Eile (NGS) ina n-úsáidfear ardáin Illumina MiSeq.

Tá clár leathan dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann a chuimsíonn rannpháirtíocht i gcláir tástála inniúlachta inmheánacha agus seachtracha araon do thíopáil HLA, géinitíopáil antaiginí pláitín daonna (HPA) agus fiosrúcháin antasubstaintí HLA. Tá creidiúnú faighte ag NHIRL ón gCónaidhm Eorpach um Imdhíonghéineolaíochta (EFI) ó 2001 ar aghaidh.

In 2020, rinne NHIRL tíopáil HLA ar shamplaí ó 230 othair Éireannacha le haghaidh trasphlanduithe féideartha gascheall fuilghinte agus rinneadh tíopáil HLA ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara. Cuireann NHIRL seirbhís tacaíochta imdhíonghéineolaíochta ar fáil do Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ). Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, tá ceist ar Cheistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála (HLQ) na ndeontóirí fola do dheontóirí ar aois idir 18-25 ag fiafraí díobh an mbeadh dúil acu clárú leis an gclárlann smeara. Mar gheall air sin, tá méadú an-suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí atá ag clárú, agus chláraigh 4,663 dheontóir nua san iomlán in 2020.

## Líon na nOthar Éireannacha a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolmhar 2010-2019




Rinneadh 60 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair san iomlán in 2020. Le 10 mbliana anuas, tá Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann tar éis 508 thrasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha.

Lena chois sin, rinneadh 373 deontóirí pláitíní san iomlán a thíopáil mar dheontóirí HLA-A agus -B, agus cuireadh san áireamh iad ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar barrmhaith táirgí pláitíní do na hospidéil.

Fuair NHIRL 1,381 sampla mar pháirt d'iniúchtaí cliniciúla in 2020. Chomh maith leis an tacaíocht do na cláir trasphlandaithe gaschille, cuireann NHIRL seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní ar fáil d'imscrúdú séireolaíoch ar trombaicítipéine nuabheirthe alla-imdhíonach (NAIT), galar corcra iar-fhuilaistrithe (PTP), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar thrasphlandú. Bhí méadú suntasach ar líon na n-imscrúduithe le haghaidh NAIT in 2020 (líon=46) i gcomparáid le 2019 (líon=32).

## Iniúchtaí Cliniciúla NHIRL




Cuireann NHIRL seirbhís rialta um thíopáil HLA gaol galair ar fáil. Bhain 2,676 ceann de na 9,443 sampla a fuarthas le haghaidh tástála sa NHIRL in 2020 leis an tseirbhís sin. Cuirtear ar aghaidh an chuid is mó de na samplaí (88%) le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha. Cuireann an tseirbhís tíopáil HLA ar fáil fosta do na nithe seo: Galar Céiliac (DQ2/DQ8), Galar Behcet (B*51), frithghníomhú hipiríogaireachta de bharr Abacavir (B*57:01), Narcailéipse (DQB1*06:02) agus reitineachóróideapaite Birdshot (A*29).

## An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (BGGL)

Déantar Grúpa Fola Móilíneach a thíopáil sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola de chuid na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta san Ionad Náisiúnta Fola. Is é an cuspóir atá ann seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun grúpaí fola a chinneadh.

Sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola, cuirtear ar fáil seirbhís do na nithe seo a leanas:


- Scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais
- Imscrúdú ar Ghéinitíopa D lag
- Imscrúdú ar Athraitheach *RHD*
- Imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC
- Imscrúdú ar Athraitheach *RHCE*

Úsáidtear tástáil bunaithe ar DNA níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuar agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin. Má chuirtear fuilchealla dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.

Le modhanna íogaire, amhail imoibriú slabhrúil polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), cuirtear ar fáil an cumas leibhéil an-íseal DNA a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in DNA atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.

In 2020, fuarthas 1,751 sampla sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola don scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais. Sna torthaí don scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais, aithníodh 59% mar *RHD*-deimhnitheach, 37% mar *RHD*-diúltach, agus 4% mar neamhchonclúideach. Tá na torthaí ón scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais ar fáil go leictreonach trí Medibridge d'ospidéil an atreoraithe agus cuireadh i bhfeidhm é le hOspidéal an Rotunda ó Lúnasa 2020.


### Líon Scagtha RHD Féatais go Míosúil 2020



Le dearbhú móilíneach ar fhuilghrúpaí, cuirtear ar fáil modh cumhachtach a sháraíonn an-chuid de na teorainneacha a bhaineann le modhanna séireolaíocha, chomh maith le tíopáil ar ghléine níos airde a chur ar fáil don tíopáil fuilghrúpaí (e.g. athraithigh *RHD* agus *RHCE*, sóchán $FY_{GATA}$).

Faoi láthair, aithnítear 38 gcinn de Chórais Fuilghrúpa Daonna, rinneadh a ngéinte a chlónáil agus cinneadh an bonn móilíneach a bhaineann le hantaiginí ar leith; aithnítear corradh le 300 fuilghrúpa ar leith sna 38 gCóras Fuilghrúpa. In 2020, rinne tástáil ar 595 sampla sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola ar an iomlán mar chuid d'imscrúdú ar Ghéinitíopa D lag; imscrúdú ar athraitheach *RHD*; imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC; agus imscrúdú ar athraitheach *RHCE*.

**Líon Scagtha RHD Féatais go Míosúil 2020**




# An tSaotharlann um Haemaiteolaíocht Imdhíonacht Ceall Dearg (RCI)

Cuireann an tSaotharlann RCI seirbhísí fairsinge réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

## Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020

### Éachtaí Taighde agus Oideachais

Tá foireann na saotharlainne RCI dúthrachtach faoi thaighde agus oideachas agus, in ainneoin na ndúshlán a bhí ann mar gheall ar an bpaindéim, baineadh roinnt éachtaí amach sa réimse sin in 2020.

- Chuir baill foirne na saotharlainne RCI ábhar i láthair ag an gComhdháil Náisiúnta um an Haemafhaireachas agus ag Comhdháil BioMedica in 2020.


- Tugadh cuireadh do bhaill foirne ón tSaotharlann RCI chun dhá sheimineár gréasáin a chur i láthair le haghaidh Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne i Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2020.
- Chuir an tsaotharlann RCI leis an bpáipéar *'Two novel antithetical KN blood group antigens may contribute to more than a quarter of all KN antisera'* a foilsíodh san iris 'Transfusion' i nDeireadh Fómhair 2020.
- Tá an-mheas sa tsaotharlann RCI ar rannpháirtíocht úsáideoirí agus ar chaidreamh le custaiméirí. Reáchtáladh Lá Idirchaidrimh do Chustaiméirí i Márta 2020. Tháinig eolaithe ó thrí cinn de na Saotharlanna Fuilaistrithe i bPoblacht na hÉireann chuig an tsaotharlann RCI agus ghlac siad páirt i lá gníomhaíochtaí séireolaíochta fuilcheall dearg, idir theoiriciúil agus phraiticiúil.
- Den chéad uair, reáchtáil an tsaotharlann RCI Siompóisiam Úsáideoirí leathlae i Samhain 2020. An t-ábhar a bhí ann ná réimse cásanna suimiúla lena raibh an tsaotharlann ag plé i gcaitheamh na bliana, mar aon le seisiún ceisteanna agus freagraí chun cur ar a gcumas d'úsáideoirí na saotharlainne plé le baill foirne RCI. Glacadh go maith leis an imeacht agus fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ar fad ina leith.

## Éachtaí na Saotharlainne

- Bhí foireann RCI ábalta ag an dúshlán nuair a chuaigh paindéim COVID-19 inár n-aghaidh. Chinntigh siad go raibh leanúnachas seirbhíse ann chomh maith le samplaí a thástáil ó othar a raibh toradh deimhneach acu le haghaidh COVID-19. Nuair ba ghá, chuaigh an fhoireann i dtaithí ar an obair mar fhoireann scoilte agus/nó an obair ón mbaile.
- Rinneadh anailíseoir nua a bhailíochtú agus a thabhairt isteach don chainníochtú antasubstainte le haghaidh frith-D agus Frith-c sa toircheas.
- Bronnadh an tairiscint le haghaidh anailíseoir uathoibrithe nua don ghrúpáil fola agus cuireadh tús le bailíochtú an anailíseora sin in 2020. Tá sprioc ann é a chur i bhfeidhm sa chéad ráithe in 2021.
- Cuireadh bailíochtú i gcrích chomh maith ar theicnic neodraithe le haghaidh Frith-Ch/Rg a chosc i bplasma othair.

## Éachtaí Cáilíochta

- In 2020, tugadh go dúthrachtach sa tsaotharlann RCI faoi chreidiúnú ISO 15189 a bhaint amach. Mar chuid de sin, b'éigean clár iniúchta inmheánaigh a fhorbairt go sonrach don tsaotharlann RCI chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca cáilíochta. Aithníodh an Anailís ar Chineál agus ar Éifeachtaí Clistí ar an bpríomhuirlis chun measúnuithe riosca cáilíochta a fhorbairt don tsaotharlann agus cuireadh iad sin i gcrích don dá anailíseoir atá sa tsaotharlann.
- Rinneadh suirbhé chun sástacht custaiméirí a mheas a dháileadh chuig na taiscí fola ar fad sna hospidéil ag deireadh 2019 le haiseolas a fháil faoin tseirbhís a soláthraíodh agus mar chuidiú le plean straitéiseach na saotharlainne RCI a mhúnlú faoi choinne 2020.



# Gníomhaíocht Saotharlainne

## Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa tSaotharlann RCI tá na seirbhísí a leanas:

- fuil atá crosmheaitseáilte a chur ar fáil d'othair a bhfuil antasubstaintí coimpléascacha acu;
- imscrúdú ar antasubstaintí ceall dearg lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha;
- imscrúdú ar fhrithghníomhuithe haemalaíocha de bharr fuilaistrithe;
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola;
- imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine;
- imscrúdú ar ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch;
- imscrúdú ar thrasnaíocht antasubstainte monaclónaí;
- imscrúdú ar ghalar haemalaíoch an fheatais & nuabheirthe (HDFN);
- scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí fuilcheall dearg chun toircheas i mbaol a aithint; (cainníochtú antasubstaintí agus/nó toirtmheascadh antasubstaintí de réir mar is iomchuí);
- fuil oiriúnach a chur ar fáil ag an mbreith i gcás toirchis i mbaol;
- feinitíopáil níos leithne le haghaidh othair atá ag brath ar fhuilaistriú agus othair a bhfuil antasubstaintí coimpléascacha ceall dearg acu;
- feinitíopáil ar chealla dearga deontóirí nuair a iarrtar;
- comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil;
- fuil neamhchoitianta a iompórtáil d'othair ainmnithe, agus
- seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta.
- seirbhísí bainc fola ospidéil a chur ar fáil freisin le haghaidh Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire agus Ospidéal Súl agus Cluas Victoria Ríoga


In 2020, rinneadh tástáil ar 2,274 sampla sa tSaotharlann RCI, méadú 4.89% i gcomparáid le líon 2019.



## Comparáid idir líon samplacha 2019 agus 2020

| | Líon iomlán na samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasubstaint ID | Líon Frith-D | Líon Frith-C | Trasnaíocht Mhonaclónach | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Coimpléisc | Samplaí ar glaoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 2168 | 2 | 2049 | 455 | 171 | 227 | 741 | 717 | 143 |
| 2020 | 2274 | 5 | 2071 | 426 | 134 | 256 | 927 | 880 | 185 |
| (%) | +4.89% | +150% | +1.07% | -6.37% | -21.64% | +12.78% | +24.70% | +22.73% | +29.37% |

Bhí ardú eile le brath in 2020 ar atreoruithe ó othair a bhí ag fáil an druga Daratumumab chun cóir leighis a chur ar mhialóma iolrach. Tugadh ceadúnas chun an druga sin a úsáid in Éirinn in Aibreán 2018.



Mar a bhí i mblianta roimhe seo, fuarthas ardleibhéal leanúnach de shamplaí casta nó neamhchoitianta ó thaobh na séireolaíochta de. D'aithin an tSaotharlann RCI na samplaí casta seo a leanas in 2020, cuid acu a raibh alla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint a Aithníodh | Líon Samplaí | Líon Othar |
|---|---|---|
| Frith-Ch/Rg | 10 | 9 |
| Tíopa HTLA eile | 10 | 10 |
| Frith-Wra | 8 | 5 |
| Bainteach le CR1 | 4 | 4 |
| Imdhíonach Frith-A | 1 | 1 |
| Imdhíonach Frith-B | 1 | 1 |
| Frith-Ce | 4 | 3 |
| Frith-Ce | 3 | 3 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 14 | 14 |
| Frith-G | 18 | 15 |
| Frith-H | 1 | 1 |
| Frith-P1 | 3 | 3 |
| Frith-Yta | 1 | 1 |
| Frith-k | 1 | 1 |
| Frith-IH | 2 | 2 |
| Iomlán | 81 | 73 |

Othair réamhbhreithe atá i gcuid mhór de na hothair seo agus, mar aon leis an antasubstaint cille deirge a aithint, rinneadh bainistiú ar an mbaol HDFN agus ar na riachtanais fola a d'fhéadfadh a bheith ag an máthair agus ag an leanbh araon. Toradh dearfach a bhí ann don mháthair agus don leanbh go dtí seo.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh lena fardal de Chealla Neamhchoitianta Tagartha agus Antaiséirim a fhorbairt (trí bhallraíocht den líonra Idirnáisiúnta Malartaithe um Séirim, Cealla agus Sreabháin Neamhchoitianta (SCARF) agus de Mhalartán Ceall na Ríochta Aontaithe). Cuireadh barr feabhais ar a modheolaíochtaí tástála chun iad a chur in oiriúint do dhéimeagrafaigh phobal na hÉireann a bhíonn ag athrú.

## Fuil/Táirgí Neamhchoitianta a Iompórtáil

Rinneadh dhá aonad d'fhuilchealla dearga arbh fheinitíopa neamhchoitianta iad a iompórtáil ó thar lear in 2020.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha


Tá an tsaotharlann RCI rannpháirteach i dtrí cinn de scéimeanna éagsúla um dhearbhú cáilíochta; ceithre bheart in IEQAS, ceithre bheart in AQQAS agus 10 mbeart in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS san fheinitíopáil ceall dearg, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, tá an tsaotharlann RCI páirteach i scéimeanna comparáide idir saotharlanna do theicnicí eisionnalta, toirtmheasctha antasubstaintí agus teicnící asúcháin. Bhí na torthaí go léir a fuarthas sásúil.

# Diagnóisic/ Crosmheaits, Corcaigh

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear an chéad cheann ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT). Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus Ospidéal & Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire, chomh maith le seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne do réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Míochaine agus Oifigigh Sheolta ar an láthair 24/7 agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Sainfhoireann Leighis agus ag Haemaiteolaí Comhairleach.


Ar na seirbhísí a chuireann an tsaotharlann Diagnóisice ar fáil tá;

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: déanann Ionad Chorcaí grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sé cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Soláthraíonn sé comhairle saotharlainne agus cliniciúla do na hothair seo. Imscrúdú frithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.





- Mar shaotharlann tagartha, in Ionad Chorcaí déantar na nithe seo a leanas a fhiosrú: tíopáil choimpléascach nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil bhreisithe le haghaidh othair atá ag brath ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/an pháiste nuabheirthe agus antasubstaintí coimpléascacha a chuireann cealla dearga breisithe meaitseáilte (feinitíopáilte) agus crosmheaitseáilte ar fáil do na hothair sin. Féadfar gur gá uaireanta an chloig a chaitheamh chun samplaí ar leith a fhiosrú ina iomláine sna cásanna seo agus tá seans ann go mbeadh gá le scagthástáil deonachán a dhéanamh nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. B'éigean 2 shampla ó othair a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí sa tsaotharlann idirnáisiúnta tagartha um ghrúpaí fola (IBGRL) i mBriostó, agus cuireadh 59 sampla eile ar aghaidh chuig NBC le géinitíopáil a dhéanamh orthu. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Mar shaotharlann tagartha, in Ionad Chorcaí déantar othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu a fhiosrú agus déantar a gcúram a rianú i rith an toirchis chun an fháil a bheidh ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na saotharlainne diagnóisice an stoc comhábhar speisialta don réigiún. Cuimsítear leis sin gach comhábhar pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha le haghaidh cealla dearga atá tíopáilte de réir antaigine, comhábhair fola ionradaithe agus comhábhair fola le haghaidh leanaí.
- Ós iad na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, cuireann an tsaotharlann diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhábhair fola agus is iadsan an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí na baill foirne leighis.
- Baineadh amach leibhéal sásúil i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta le linn na bliana.




Gníomhaíocht na Saotharlainne Diagnóisice in 2020 (féach an tábla thuas)

Líon iomlán samplaí a fuarthas in 2020: 3,007 (2019 : 3,690) Tháinig an laghdú seo ar líon na samplaí go díreach mar gheall ar chásanna dianghlasála COVID-19 agus, dá bharr sin, cuireadh gnáthaimh ospidéil agus, ar an ábhar sin, riachtanais fola, ar ceal.



# SEIRBHÍSÍ EILE



# Fíochán

Tá banc fíocháin IBTS lonnaithe san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Sna saoráidí, tá méid áirithe seomraí glana atá riachtanach don phróiseáil fíocháin. Cuireadh córas TF i bhfeidhm in 2020, MAK, TCS, chun bainistíocht a dhéanamh ar fhíochán cardashoithíoch a phróiseáil agus a lipéadú. Bhí an fhoireann ag obair go han-dlúth leis na haonaid Oftalmacha agus Cardatóracsacha ar fud na tíre chomh maith le soláthar seasmhach fíocháin a choinneáil ar fáil le linn dhúshláin 2020.

Le breis agus 30 bliain, tá coirní á soláthar ag an mbanc fíocháin d'othair ar fud na hÉireann le galair súilí a chóireáil. In 2004, tugadh bearta isteach chun an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann ó vCJD a mhaolú agus, dá bharr sin, chuireamar stop le coirní a bhailiú ó dheontóirí in Éirinn. Ó shin, rinneadh an fíochán súilí ar fad a iompórtáil. In 2020, rinne IBTS athbhreithniú ar a sheasamh ar vCJD agus táthar ag féachaint anois an féidir an banc súl a athoscailt agus tús a chur arís le coirní a bhailiú in Éirinn.

Mar gheall ar an bpaindéim, cuireadh gach obráid ar ceal i Márta, Aibreán agus Bealtaine 2020, seachas obráidí éigeandála. Nuair a cuireadh tús le hobráidí roghnacha arís, bhíothas in ann freastal ar an éileamh ar fhíochán ach bhí laghdú thart ar 25% ar na coirní a dáileadh in 2020. Diomaite de choirní, soláthraíonn an banc fíocháin scléara, aimnian, tensor fascia lata agus peireacairdiam, ar táirgí fíocháin iad ar fad a úsáidtear in obráidí súilí. Bíonn athruithe ar an éileamh ar tháirgí fíocháin áirithe ó bhliain go bliain, ag brath ar an riachtanas cliniciúil, teicneolaíochtaí nua agus teicnící máinliachta. In 2020, tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar DMEK (fíochán a ghearrtar roimh ré de láimh) ó 12% go 22% de na coirní a dáileadh.

Déanann an banc fíocháin Banc Comhlaí Croí na hÉireann a fheidhmiú chomh maith i gcomhar le hOspidéal Ollscoile an Mater Misericordiae. Tháinig laghdú ar dheonacháin i gcomparáid le blianta roimhe seo mar gheall ar an bpaindéim ach d'éirigh ní b'fhearr iad ní ba mhoille sa bhliain. Níor cuireadh isteach ar an máinliacht phéidiatraiceach agus bhí IBTS ábalta iarratais ar sholáthar agus líonadh a choimeád ar siúl ó fhíochán a bailíodh roimh 2020.

Stóráiltear craiceann daonna crióchaomhnaithe sa bhanc fíocháin chomh maith agus tá sé ar an gcaighdeán is airde chun dónna tromchúiseacha a chóireáil. Iompórtáiltear an fíochán sin ó Bhanc Fíocháin BST in Barcelona na Spáinne. Is don Aonad Dónna in Ospidéal San Séamas is mó a chuirtear an craiceann ar fáil.

# Aifiréis Theiripeach

Cuireann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (TAS) in Ionad Chorcaí aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan in Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (BSHC). Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin mar is cuí.

Lianna Comhairleacha sa Mhíochaine Fuilaistriúcháin a stiúrann TAS agus tacaíonn Oifigigh Leighis Speisialtóra (SpMOanna) agus ó Altraí atá oilte i ngnáthaimh theiripeacha leo. Úsáidtear fearas aifiréise soghluaiste – Terumo OPTIA Spectra – chun na gnáthaimh a dhéanamh taobh le leaba an othair. Ba iad na gnáthaimh a cuireadh i gcrích in 2020 ná Malartú Plasma Teiripeach (TPE) agus Malartú Ceall Dearg (RBCX). Déanfar bogearraí a chumasú ar an dara Optia chun an dara ceann acu sin a éascú agus tá bogearraí Optia cumasaithe chomh maith le haghaidh Ídiú Fuilcheall Bán (WBCD).

Cuireann TAS prótacail aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair, agus iad treoraithe ag ‘Guidelines and Indications for Treatment’ (ASFA- 2019) le Cumann Aifiréise Mheiriceá agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile, iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (BSH-2015) san áireamh.

Bíonn TAS ag feidhmiú laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta IBTS agus tá pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, SOPanna, teicneolaíocht bhailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhais dhíobhálacha ann. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe curtha san áireamh i SOPanna Teiripe IBTS agus i bpolasaithe agus nósanna imeachta ábhartha Ospidéal. Freastalaíonn foireann TAS ar chruinnithe sa RA agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), ar a n-áirítear iniúchtaí. Mar sin féin, bhí srian ar chruinnithe idirnáisiúnta agus ar an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach de dheasca phaindéim COVID-19. Ní raibh ach cianrochtain ann ó Mhárta 2020 ar aghaidh. Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta, nuair a bheidh sin ar fáil.


Le linn 2020, bhí 18 atreorú othair ann agus tugadh faoi 129 ngnáthamh ar thrí shuíomh ospidéil. Tá éagsúlacht ag baint leis an éileamh TAS agus is doiligh é a thuar. San éagsúlacht ar an éileamh, cuimsítear ospidéil iarrthacha, speisialtachtaí, lianna comhairleacha, leibhéal práinne, catagóir ASFA agus treochtaí de réir míosa, deireadh seachtaine agus lasmuigh de ghnáthuaireanta.

De dheasca na paindéime, b’éigean athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm i soláthar ár TAS. Ar an ábhar go raibh roinnt ráigeanna ionfhabhtaithe go logánta in ospidéil, chuir dochtúirí comhairleacha TAS comhairle ar chliniceoirí go ndéanfaí an tseirbhís a shrianadh agus nach gcuirfí an tseirbhís ar fáil ach amháin i gcásanna ina raibh contúirt an bháis ann inar theip ar theiripe eile. Bhí laghdú ar atreorú dá bharr sin, agus de bharr go raibh moill ar theacht i láthair chun an ospidéil i gcás othair a raibh imní fúthu maidir le hionfhabhtú COVID-19. Rinneadh gach othar a atreoraíodh a mheasúnú ar bhonn aonair. Chuir na baill foirne ar fad oiliúint ar líne i gcrích maidir le trealamh cosanta pearsanta ar HSELanD chomh maith le freastal ar oiliúint ar an láthair in BSHC. Bhí siad i dteagmháil go gníomhach leis an rialú ionfhabhtaithe san ospidéal freisin. Bhí othar a atreoraíodh i bhFeabhra 2020 i ndiaidh filleadh go gearr roimhe sin ón tSín. Sular cuireadh an tástáil i gcrích, d'fhreastail baill foirne ar an othar agus iad gléasta go hiomlán i dtrealamh cosanta pearsanta, ar an ábhar go raibh seans ann gur an chéad othar in Éirinn a bhí ann a bhí deimhneach le haghaidh COVID-19. Fuarthas toradh diúltach ina dhiaidh sin.


Ina theannta sin, rinneadh clinicí deonaithe fola IBTS a athrú ó chlinicí a raibh daoine ábalta siúl isteach iontu go clinicí bunaithe ar choinní amháin lenar bhain próiseas roghnúcháin réamhchoinne. Chun tacú leis sin, bhí altraí TAS ar an gcéad phointe teagmhála le haghaidh ceisteanna leighis a tháinig ina dhiaidh sin le haghaidh clinicí. Tháinig laghdú 50% ar rátaí iarchurtha sna clinicí deontóirí mar thoradh ar an bpróiseas sin. Cuireadh ar a gcumas d’altraí TAS ó thaobh na teicneolaíochta de tabhairt faoin obair sin go cianda, de réir uainíochta, nuair a d’fhág an t-éileamh ar TAS go rabhthas in ann é sin a dhéanamh.

## Tá treochtaí agus inathraitheacht an éilimh ar an tseirbhís le blianta beaga anuas ar taispeáint thíos

### Gnáthaimh Bhliantúla san Iomlán 2017–2020





### Éileamh ar sheirbhís de réir míosa 2017–2020




## Seirbhís Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. D'fhéadfadh an clár cóireála síneadh thar an deireadh seachtaine. As na 129 ngnáthamh a rinneadh in 2020, rinneadh 35 ceann acu (27%) ag an deireadh seachtaine agus cuireadh tús le 2 cheann acu (2%) lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn na seachtaine. Taispeántar thíos an treocht de réir éilimh (de réir ráithe) ar sheirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus lasmuigh de ghnáthuaireanta.


### Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc, Lasmuigh de Ghnáthuaireanta i 2020



## Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

I gcomhréir le treochtaí le déanaí, bhain formhór na n-othar a atreoraíodh le hothair a bhí i láthair mar gheall ar riochtaí néareolaíocha (47%), riochtaí duánacha ina dhiaidh sin (35%) agus ansin riochtaí haemaiteolaíochta (18%).

### Othair de réir Speisialtachta i 2020




## Galar Chorráncheallach


Chuir TAS tús le clár roghnach in 2020 chun Fuilchealla Dearga a mhalartú d'othar a bhfuil galar corráncheallach (SCD) air, arna threorú ag paraiméadair saotharlainne agus paraiméadair chliniciúla. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh sin de réir mar a thagann an cohórt réigiúnach d'othair phéidiatraiceacha in aibíocht mar dhaoine fásta.

## Soláthar Seirbhíse chuig ospidéil


Bhí an t-éileamh ba mhó ar TAS ag CUH, ina ndearnadh 15 othar a atreorú in 2020. Rinne MUH agus BSH araon othar amháin a atreorú.

Tá comparáid thíos ar sholáthar seirbhíse ag CUH, MUH agus BSHC thar na 3 bliana seo caite de réir othair agus gnáthaimh.

### Soláthar seirbhíse d'othair de réir ospidéil 2017 go 2020




### Gnáthaimh de réir Ospidéil 2017 go 2020




## Treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA)

Tá treoirlínte ASFA ann mar bhonn chun prótacail a phleanáil le haghaidh na cóireála don othar aonair. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacaíochta agus ar láidreacht an mholta a ndearnadh de bharr na fianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is déanaí (an 8ú Eag.) in 2019.


Catagóir I - Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe chéad líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le cóireálacha eile.

Catagóir II – Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe dara líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le cóireálacha eile.

Catagóir III – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Déantar cinntí ar bhonn aonair.

Catagóir IV – Neamhoird a léirítear nó a dtugtar le fios i bhfianaise atá foilsithe nach bhfuil éifeacht leis an aifiréis nó go bhfuil seans ann go mbeadh sí díobhálach.


**Othair de réir Chatagóir ASFA 2020**




**Práinn na Seirbhíse de réir othair & Gnáthaimh**

| Práinn | Othair 2020 | Gnáthaimh 2020 |
|---|---|---|
| **Práinneach** | 14 | 119 |
| **Roghnach** | 1 | 5 |
| **Gnáthamh** | 2 | 5 |
| **Iomlán** | 17 | 129 |


**Gnáthaimh de réir Práinne 2020**





## Leibhéal práinne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach atá ag teastáil


D'fhéadfadh Aifiréis Theiripeach a bheith mar chuid den fhreagra cliniciúil práinneach ar riochtaí othar, i gcás roinnt riochtaí. D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. Bhí práinn ag baint le 82% de na hothair a tháinig isteach, bhí 6% acu ina n-othair roghnacha agus 12% acu ann ina n-othair ghnáthaimh in 2020.

## Leibhéal Práinne Othar de réir Speisialtóireachta 2020







## Líon na riochtaí ar cuireadh cóireáil orthu de réir práinne 2020



## Rochtain shoithíche ag othair agus ag gnáthaimh

Chun Aifiréis Theiripeach a dhéanamh, ní mór go mbeadh sruth fola den scoth ag an othar. B'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht a fháil ó chataitéar féitheach lárnach arna chur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe, go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. Bhí cataitéar féitheach lárnach de dhíth ar bhunús na n-othar in 2020. Bhí meascán cineálacha de rochtain shoithíoch ag cuid acu, mar shampla; cataitéir fhorimeallacha, cataitéir fhéimearacha nó feistí haema-scagdhealaithe.




## Creatlach Cáilíochta

Sainmhínítear córas bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn go foirmiúil agus a dhéanann próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach.

Cloíonn an tSeirbhís Aifiréise Teiripí le treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA, 2019) agus le treoirlínte Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (2015), chomh maith le tabhairt faoi iniúchtaí inmheánacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun dea-chleachtas a dheimhniú. Cinntíonn cumarsaid le seirbhísí aifeiríse eile agus freastal ar chomhdhálacha sa RA agus ar chomhdhálacha idirnáisiúnta go bhfuil seirbhís bunaithe ar fhianaise.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 le linn 2020, úsáideadh an teicneolaíocht chun an chumarsáid ar fad le seirbhísí eile aifiréise a chumasú go cianda.

## Saoráidí agus an teicneolaíocht:

Úsáidtear dhá mheaisín Spectra Optia in TAS, a stóráiltear in CUH, agus is féidir iad a iompar chuig MUH nó BSHC de réir mar is gá. Déantar na meaisíní a bhailíochtú go tráthrialta agus rinneadh cothabháil choisctheach orthu faoi dhó anuraidh.

**Oiliúint:** Is liachleachtóirí ceadúnaithe agus altraí ginearálta cláraithe iad baill foirne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach (TAS) a thugann faoin oiliúint éigeantach agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fad lena chinntiú gur cleachtas reatha a bhíonn ann atá bunaithe ar fhianaise. Sa tréimhse i ndiaidh fhógairt na paindéime, bhíothas ábalta teacht ar an oiliúint go cianda de bharr na teicneolaíochta.

## Cumarsáid maidir le torthaí

Scríobhtar i dtreoirlínte Chumann na Breataine um Haemaiteolaíocht "The clinical outcome of apheresis procedures should be documented (Recognising that this may require clinical data collection days or weeks after the apheresis procedure)", agus, leis na treoirlínte sin a chomhlíonadh, déanann TAS Ionad Chorcaí sonraí faoi thorthaí a iarraidh ar úsáideoirí seirbhíse.

## Cumarsáid sonraí cliniciúla de réir speisialtachta:

| Speisialtacht | Othair a atreoraíodh (líon) | Litreacha achoimre TAS a cuireadh chuig lianna atreoraithe (líon) | Othair a bhfuarthas a stádas toraidh ón lia atreoraithe (N) | Comhlíonadh (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Néareolaíocht** | 13 | 13 | 6 | 43% |
| **Haemaiteolaíocht** | 1 | 1 | 0 | 0 |
| **Duánach** | 3 | 3 | 3 | 100% |

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtas sábháilte fuilaistrithe chliniciúil a fhorbairt. Déanann sé eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur lena dtarlú nó lena n-atarlú. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO), atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS). Ó bunaíodh an clár i 1999, tuairiscíodh 7,750 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach ar an iomlán mar thoradh ar fhuilaistriú.

Déanann NHO idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (HVOnna) atá bunaithe in ospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais acu. Anuas air sin, cothaíonn NHO naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (IHN), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (SHOT).

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Déanann NHO athbhreithniú ar SAEnna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir AE maidir le Fuil 2002/98/CE, agus ar SAEnna neamhéigeantacha a bhaineann le gnéithe cliniciúla an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí sin ó fhorais fola agus bainc agus áiseanna fola ospidéal. Tuairiscíodh 118 SAE éigeantacha le linn 2020 (42% de na SAEnna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 163 SAE neamhéigeantacha (58% de na SAEnna go léir), a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Cuimsítear san fhigiúr sin teagmhais a bhain leis an bhFuil Chontráilte san Fheadán (líon=79) a bhailigh NHO.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARanna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Ag am scríofa na tuarascála seo, tuairiscíodh 106 fhrithghníomh a thagann leis na critéir in 2020. Tá méadú tagtha ar an líon SAR Éigeantach (62) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid leis an líon a taifeadadh in 2019 (54).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Chun cloí le hAguisín II D agus III C de Threoir 2005/61/CE ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola foirm ANSARE a chomhlánú agus a chur ar ais chuig NHO. Thuairiscigh NHO 174 thuairisc éigeantacha in 2020 (don bhliain tuairiscithe 2019), agus bhí tiomsú thuairisc ANSARE 2020 ar siúl nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA)

Is é HPRA an tÚdarás Inniúil chun gach gné de threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm agus, mar a tharla sna blianta roimhe seo tionóladh cruinnithe go rialta le NHO chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna chun teagmhais a ndearnadh tuairisc orthu a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn NHO le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí hobair a dhéanamh i ndlúthpháirt le HVOnna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh ar aghaidh le hoideachas leanúnach a chur ar eolaithe míochaine fochéime agus iarchéime agus ar chláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

Bhí comhdháil ag NHO an 4 Márta 2020 dar teideal 'The Evolving Landscape of Blood Transfusion'. Bhí cainteoirí idir náisiúnta agus idirnáisiúnta ann ag an gcomhdháil agus d'fhreastail beagnach 300 toscaire uirthi. Bhí comórtas póstaer ag an am céanna leis an gcomhdháil agus fuarthas 12 iontrálaí ó 8 bhforas tuairiscithe.

## Ríomhfhoghlaim

Lean IBTS de cheadúnú agus sholáthar clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS.

Tá formhór na n-ospidéal in Éirinn agus cuid de na hinstitiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. Cuimsítear leo baill foirne ospidéal agus fochéimithe cúraim sláinte in roinnt ollscoileanna atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas éigeantach cúrsa. Chonacthas do NHO gur tháinig méadú ar an úsáid a baineadh as LearnProNHS mar gheall ar phaindéim COVID-19.

# Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ)

## Na príomhrudaí a baineadh amach in 2020:

- Cuireadh táirgí gaschille ar fáil go leanúnach in ainneoin shrianta COVID-19 ar an taisteal idirnáisiúnta.
- Leanadh ar aghaidh le Measúnaithe Deontóra agus seoltaí idirnáisiúnta samplaí in ainneoin shrianta COVID-19.
- Nuair a tháinig táirgí gaschille chuig Saotharlann Chrióibhitheolaíochta Ospidéal San Séamas, cuireadh crióchaomhnú i bhfeidhm orthu nó, nuair ba ghá, cuireadh crióchaomhnú i bhfeidhm orthu sular aistríodh iad, i dtír an bhailithe, nuair a bhí sé sin ar fáil. Ar an dóigh sin, coinníodh an tsábháilteacht d'fhaighteoirí.
- Leanadh ar aghaidh le hearcú Deontóirí Smeara i ngach clinic deonaithe fola nuair a bhíothas in ann. Cuireadh bearta sábháilteachta COVID-19 agus córas coinní deontóirí i bhfeidhm chun sábháilteacht a choinneáil do dheontóirí agus do na baill foirne.

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsir fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás an lín mhóir othar nach bhfuil rogha na tosaíochta acu, is é sin siblín atá go hiomlán comhoiriúnach dóibh, tá tríocha a hocht milliún deontóir ar fáil ar fud an domhain agus, astu sin, féadfaidh deontóir nach bhfuil gaolta leo malairt rogha a chur ar fáil dóibh.

Chun freastal ar an ngá le deontóirí chun cealla sinsir fuilghinte a dheonú d'othair Éireannacha agus d'othair ar fud an domhain, bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) in 1989.

I gcás Chlárlann na hÉireann, déantar deontóirí a chuardach agus a roghnú le haghaidh othair in Éireann a bhfuil trasphlandú de dhíobháil orthu. Tá bunachar sonraí sa chlárlann fosta de dheontóirí in Éirinn atá toilteanach gaschealla fola a dheonú.

Déanann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht tíopáil fíochán ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Tá an chlárlann ceadúnaithe ag HPRA de réir Threoir Fíocháin an Aontais Eorpaigh 2004/23/CE.

## Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Lorgaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar an bPainéal Éireannach agus trí bhunachar sonraí Chumann Deontóirí Smeara an Domhain (BMDW), thar ceann ionaid trasphlandaithe na hÉireann ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath agus Sláinte Leanaí Éireann, Cromghlinn. In 2020, atreoraíodh 105 othar chuig Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhair.

Fuair seasca othar Éireannach trasphlandú gaschille ó dheontóir neamhghaolta in 2020. Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór (57).

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Tá ceangal idir Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smearaigh (EMDIS), ar córas cumarsáide é a chuireann ar a gcumas do chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástáil leathnaithe. Roghnaíodh tríocha deontóir Éireannach i gcomhair tástáil bhreise in 2020.

## Earcú Deontóirí Éireannacha

Le blianta fada, earcaíodh daoine a d'fhéadfadh a bheith ina ndeontóirí gaschille trí chlinicí deonaithe fola. Go dtí le gairid, b'éigean do dheontóirí iarratas sonrach a dhéanamh le bheith ar an gclár. Sa cheathrú ráithe de 2019, athraíodh an chonair earcaíochta do dheontóirí gaschille fola. Anois, tugtar cuireadh do gach deontóir fola atá ar aois chuí clárú leis an gclárlann nuair a fhreastalaíonn siad ar chlinic le fuil a dheonú. Mar gheall air sin, tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí a mbíonn ina ndeontóirí gaschille fola freisin. In 2020, thug 3,968 ndeontóir nua samplaí fola chun clárú le Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann, a chuirfear leis na 21,000 deontóir féideartha atá ar an gclár faoi láthair.

## Deonuithe ó Dheontóirí Éireannacha

Rinneadh éascaíocht ar dheonacháin ó thriúr deontóirí Éireannacha in 2020 (gaschill fola forimeallaí agus smior) le haghaidh othair náisiúnta.



# CÁILÍOCHT & COMHLÍONADH



# Na príomhrudaí a baineadh amach

- Lámhleabhar Cáilíochta athbhreithnithe IBTS
- Cuireadh i bhfeidhm go sásúil na hathruithe chun tástáil bhaictéarach ar tháirgí pláitín a fheabhsú
- Athrú in údarú ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte le gur féidir Plasma Téarnaimh a bhailiú
- Athbhreithniú agus faomhadh leictreonach curtha i bhfeidhm ag an rannóg Dearbhaithe Cáilíochta
- Seoladh na hoiliúna ar líne don Chóras Cáilíochta
- Cuireadh tús le cruinnithe roinne Cáilíochta Comhpháirtithe Gnó
- Tacaíocht leanúnach tionscadail le haghaidh tionscnaimh thábhachtacha san eagraíocht, mar shampla uasghrádú ar ár gCóras Bainistíochta Fola chomh maith le Creidiúnú Saotharlainne ISO 15189.

## Cáilíocht & Comhlíonadh

Déantar ceanglais reachtacha de réir threoracha AE maidir le táirgí fola agus fíocháin, atá faoi réir a rialála ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), a chomhlíonadh agus, mar sin, déantar sábháilteacht agus cáilíocht ár dtáirgí agus ár bpróiseas a choimeád. Tá Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS) i bhfeidhm againn lena ndéanaimid ár n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh. Sa dóigh sin, bíonn smacht againn i dtólamh ar cháilíocht ár dtáirgí bitheolaíocha.

Tá an QMS atá againn bunaithe ar na riachtanais sna Treoirlínte maidir le Dea-Chleachtas i mBunachais Fola (Treoir AE 2016/1214) agus sa Chód maidir le Dea-Chleachtas Déantúsaíochta (cGMP) (Treoir AE 2017/1572) chomh maith le caighdeáin agus riachtanais ábhartha a bhaineann le cáilíocht. Dá réir sin, cinntítear go ndéanann táirgí agus seirbhísí na caighdeáin a bhaineann leis an dea-chleachtas a shásamh nó a shárú i dtaca le cáilíocht, éifeachtúlacht agus sábháilteacht, nuair is féidir. In 2020, imríodh tionchar ar an gcigireacht rialála a dhéanaimid ar an láthair de ghnáth de dheasca phaindéim COVID-19 agus d'aistríomar go tapa go cigireacht chianda a éascú. Chuir HPRA 2 chigireacht i gcrích inar cuimsíodh clinic amháin agus cigireacht bhliantúil NBC/MRTC i gceann a chéile. Bhain IBTS comhlíonadh amach i gcás gach cigireachta. Mar sin, tá ár gcustaiméirí agus ár n-othair ar an eolas go bhfuil ár dtáirgí sábháilte lena n-úsáid agus go ndéanann siad caighdeáin ardcháilíochta a chomhlíonadh. Cuireadh an chigireacht ar an Dea-Chleachtas Dáileacháin (GDP), a dhéantar gach trí bliana, siar go 2021 mar gheall ar an bpaindéim.

Le linn 2020 rinneadh uasdátú ar ár n-údarú ó HPRA agus rinneadh athrú air ionas gur féidir Plasma Téarnaimh a bhailiú. Rinneadh tuarascálacha bliantúla a chomhdú fosta ar ghníomhaíochtaí a bhain leis na Forais Fola agus Fíochán de réir riachtanais HPRA.

Tionscnamh tábhachtach a bheidh ann in 2021 ná tacú leis na saotharlanna míochaine creidiúnú ISO 15189 a bhaint amach ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Ar an dóigh sin, déanfar a chinntiú go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh leis na caighdeáin is airde go hidirnáisiúnta a bhaint amach i dtaca le cáilíocht agus sábháilteacht ár dtáirgí agus seirbhísí dár ndeontóirí agus dár n-othair.

Na hiarrachtaí ba mhó a rinneamar le linn 2020 ná tacú leis an eagraíocht le riachtanais rialála a chomhlíonadh, taobh leis na dúshláin a bhí ann mar gheall ar phaindéim COVID-19. I rith na bliana, lean an fhoireann ar aghaidh le gach gné den QMS a chur i bhfeidhm agus chun tacú leo. Leis sin, rinneadh a chinntiú gur taifeadadh cinntí agus gníomhartha cuí, i gcoibhneas leis an riosca agus tionchar a bhain leo.

I ndiaidh dúinn foghlaim ónár gcustaiméirí agus éisteacht leo, beimid ag díriú ar leanúint le héifeachtúlachtaí a fheabhsú thar réimse gníomhaíochtaí cáilíochta chun sármhaitheas oibriúcháin a bhaint amach. Déanfaimid cur chuige bunaithe ar an riosca níos fearr a leabú fosta le córas cáilíochta níos sofhreagrúla agus níos réamhghníomhaí a chur ar fáil. Déanfaimid ár gcomhpháirtíochtaí a fheabhsú chun leanúint ar aghaidh le cultúr cáilíochta a chur chun cinn agus chun torthaí níos fearr cúraim sláinte a bhaint amach.

Le linn 2020, is iad seo a leanas na príomhrudaí a baineadh amach de réir cholúin na Straitéise Cáilíochta:

## Córais Cháilíochta Nua-aimseartha

Rinneadh teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus, as sin, rinne an Fhoireann um Fhorbairt Córas Cáilíochta athbhreithniú ar Lámhleabhar Cáilíochta IBTS. Leis an bpolasaí ardleibhéil sin, cuirtear ar fáil creat níos fearr anois le doiciméid a fhorbairt taobh istigh dár gcóras cáilíochta. Cuireadh tús fosta le hathbhreithniú ar na córais reatha atá againn maidir le Rialú Athruithe, Tuairisciú Teagmhas, Gearáin ó Chustaiméirí agus Bainistíocht Doiciméad in 2020. Beidh an fheidhm ag díriú go príomha ar fheabhsuithe a chur i bhfeidhm ar na gnéithe sin in 2021.

Mar fhreagra ar an bpaindéim, d'aistrigh an fhoireann QA fosta chun gnéithe den QMS a bhainistiú go leictreonach chun leanúnachas na príomhghníomhaíochta oibriúcháin a chinntiú. Thacaigh sé sin leis na baill foirne leanúint ar aghaidh lena riachtanais rialála a chomhlíonadh agus iad ag obair go sábháilte ón mbaile.

Leagadh béim fosta ar a thábhachtaí agus atá sé Réiteach Bainistíochta Cáilíochta leictreonach aonair a bheidh comhlíontach éifeachtach éifeachtúil a chur i bhfeidhm. Príomhthionscnamh is ea é sin den straitéis cháilíochta agus tá tuilleadh oibre air beartaithe in 2021.

## Gafacht Geallshealbhóra

Tá sé ríthábhachtach dúinn a bheith i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara lena chinntiú go dtuigimid go sásúil na riachtanais atá ag ár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. Leis na caidrimh atá againn cheana féin a láidriú, chuir an fhoireann QA tús le cruinnithe cáilíochta le comhpháirtithe gnó le ranna éagsúla in 2020. Tá sé sin ar an gcéad chéim lena chinntiú go gcuirimid leis na caidrimh atá againn cheana féin le go mbeimid mar chomhairleoir iontaofa maidir le treoir ardchaighdeáin cáilíochta a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara ar fad.

Leanadh ar aghaidh leis an líonrú lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta freisin, agus muid mar bhall den Chlár Cáilíochta Fola den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQM). Freastalaíodh go fíorúil ar chomhdhálacha i mbliana, agus seo a leanas cuid acu; *Keeping up with Reality and Quality* (EDQM), *Quality and Regulatory* (PDA) agus *Strengthening Blood Systems* (WHO). Sular cuireadh cosc ar thaisteal mar gheall ar an bpaindéim, chuaigh an Bainisteoir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíocht ar cuairt leis an bhfoireann oibríochtaí ar Fhoras Fola na Beilge i mí Feabhra.

## Lucht Oibre Cáilíochta Inbhuanaithe

Má táthar lena chinntiú go mbeidh struchtúr éifeachtach bainistíochta i bhfeidhm go fóill,

beidh an Fhoireann Ceannaireachta Cáilíochta ag díriú go mór ar fhorbairt pleananna don chomharbas barrmhaith d'fheidhm na Cáilíochta agus an Chomhlíonta in 2021. Rachaidh sé sin i ngleic fosta le haon phointí aonair spleáchais san fheidhm chun feidhmíocht fheabhsaithe eagraíochta a chur chun cinn.

Chun tacú le clár oiliúna eagraíochta a chur i bhfeidhm lenár riachtanais rialála a chomhlíonadh, leanadh ar aghaidh le caidreamh gníomhach leis an bhfoireann Foghlama agus Forbartha. Leathadh amach an chéad mhodúl oiliúna ar líne GMP i gCórais Cháilíochta chuig an eagraíocht fosta. Is iad seo a leanas na seisiúin oiliúna ba thábhachtaí ar fhreastail an fhoireann cáilíochta orthu i mbliana; *Internal Quality Auditing to ISO 15189, Advanced GDP training* agus *Project Management – PRINCE2®*. D'fhreastail baill foirne ón bhfoireann cáilíochta ar chláir éagsúla a bhain le Ceannaireacht agus Bainistíocht fosta.

## Príomhshonraí Cáilíochta

Déanann IBTS taifeadadh, imscrúdú agus gníomhaíocht tríd an gcóras Tuairiscí Teagmhas (IR) maidir le teagmhais inmheánacha nó fadhbanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht deontóirí agus táirgí, nó nach gcloíonn leis na nósanna imeachta ceadaithe. Rinneadh 567 IR in 2020, i gcomparáid le 708 in 2019. Déileáladh le 45% díobh sin, i gcomparáid le 65% in 2019. Déanann IBTS gearáin chustaiméirí a thaifeadadh, a imscrúdú agus a fhreagairt trí chóras na nGearán Fola. Rinneadh 765 ghearán a thuairisciú in 2020, i gcomparáid le 797 in 2019. Déileáladh le 79% díobh sin, i gcomparáid le 65% in 2019. Ghlac IBTS le 293 aistarraingt táirgí in 2020 a bhain le IRanna agus Gearáin. Glacacdh le 300 aistarraingt táirgí in 2019. Mar a bhí gceist i mblianta roimhe seo, tá formhór na n-aistarraingtí táirgí mar réamhchúram mar gheall ar fhógra a fuarthas i ndiaidh an deonaithe.

Déanann IBTS bainistíocht réamhghníomhach ar athruithe ar phróisis agus ar nósanna imeachta trí chóras Rialaithe Athraithe. Cuireann an córas sin ar ár gcumas dúinn rioscaí agus tairbhí athraithe a mheas sula gcuirtear i bhfeidhm é. In 2020, ardaíodh 373 rialú athraithe, arb ionann athruithe sealadacha agus 37 acu. Cuirtear sin i gcomparáid le 399 rialú athraithe agus 48 athrú sealadach a tháinig chun cinn in 2019. Ina theannta sin, tháinig 530 Ordú Athraithe chun cinn in 2020, a úsáidtear chun cáipéisí a nuashonrú áit nach bhfuil gá le haon athrú suntasach ar phróisis, agus ba é 72% an ráta críochnaithe. Tháinig 363 ordú athraithe chun cinn in 2019, agus bhí ráta críochnaithe 80% ann.

Déanann IBTS monatóireacht ar Theagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) agus ar Fhrithghníomhartha Troma Dhíobhálacha (SARanna) agus tuairiscíonn sí iad don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO). Le linn 2020, ghlac an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO) le 62 Theagmhas Throma Dhíobhálacha agus le 39 bhFrithghníomh Throma Dhíobhálacha mar theagmhais intuairiscithe.

Thug an clár iniúchta cáilíochta faoi 9 n-iniúchadh inmheánacha agus 4 iniúchadh sheachtracha in 2020.

Dúnadh 18 bplean bailíochtaithe, lena n-áirítear an t-uasghrádú ar ár gCóras Rialaithe Doiciméad, SmartSolve. Ardaíodh 228 rialú athraithe a raibh ionchur bailíochtaithe de dhíth ina leith.

Tá sé beartaithe Creat feabhsaithe um Athbhreithniú ar Bhainistíocht Cáilíochta (QMR) a chur i bhfeidhm in 2021 chun éifeachtúlacht agus rialú níos fearr ar phróisis ghnó, bainistíocht níos fearr ar riosca agus sástacht níos mó i measc custaiméirí a chur ar fáil.

# RIOSCA AGUS ATHLÉIMNEACHT



Cuid lárnach d’fhorais fola atá sa Bhainistíocht Riosca agus rinneadh inniúlachtaí IBTS leanúnachas gnó a chinntiú le linn géarchéime a thástáil go fírinneach in 2020. Go luath in 2020, ar an ábhar go raibh an baol ann go mbeadh COVID-19 ina phaindéim agus go mbeadh tionchar aige ar Éirinn, tugadh foireann ó fheidhmeanna éagsúla le chéile. D'oibrigh an fhoireann sin tríd an bPlean Freagartha i leith na Paindéime agus chuir siad bearta i bhfeidhm chun ullmhú do na dúshláin ba mhó a bheadh roimh an eagraíocht, agus roimh an tír fiú, i saol an lae inniu. Bhí baol ann go mbeadh tionchar ag COVID-19 ar oibríochtaí criticiúla, agus cuireadh an baol sin le clár na rioscaí corparáideacha. Chuir gach réimse den eagraíocht measúnuithe riosca i gcrích chun leochaileachtaí a aithint agus a mhaolú dá réir. Doiciméid bheo atá sna measúnuithe riosca sin agus déantar iad a nuashonrú go rialta de réir mar a thagann athrú ar an scéal. I measc na mbeart freagartha a bhí ann go luath, rinneadh trealamh cosanta pearsanta a fhoinsiú agus aistríodh chuig córas deonaithe fola bunaithe ar choinní amháin. Bhí an fhoireann TF i gceannas ar iarrachtaí an-mhór chun na hacmhainní a thabhairt don fhoireann le bheith ábalta a bheith ag obair ón mbaile chun cloí leis na bearta um scaradh sóisialta. An-tasc a bhí ann cionn is nach raibh an obair ón mbaile mar chuid de chultúr IBTS roimhe. Tá COVID-19 mar mhír de bhuanchlár cruinnithe na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin i rith 2020, a d’fhág go raibh córas ann chun fadhbanna a ardú mar ba chuí agus iad ag teacht chun cinn. Cuireadh an riosca sin san áireamh fosta i dtuarascálacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don Bhord.

Thug an Grúpa um Leanúnachas Gnó ceannasaíocht ar leibhéal straitéiseach ar an bhfreagairt ar an bpaindéim i rith na bliana. Tá an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, Bainisteoirí Sinsearacha agus Sainchomhairleoirí Leighis mar chuid den ghrúpa sin agus bíonn cruinniú acu gach seachtain nó gach coicís lena chinntiú go sainaithnítear agus go mbainistítear gach riosca go tráthúil.

Tá an Grúpa Comhordaithe COVID-19 i ndiaidh comhordú a dhéanamh ar na bearta ar an láthair a chur i bhfeidhm, bearta a bhí ag síorathrú, lenár ndeontóirí, foirne agus faighteoirí a choinneáil slán. Bíonn cruinniú ag an ngrúpa sin gach seachtain agus tá “Ionadaithe Príomhoibrithe” ina gcomhaltaí tábhachtacha ann agus tá sé sin i ndiaidh a chinntiú gur féidir le baill foirne cumarsáid a dhéanamh maidir lena éifeachtaí agus atá bearta nua agus, leoga, a moltaí féin a chur ar fáil bunaithe ar a dtaithí féin ar a gcuid oibre féin. Tá sé sin i ndiaidh cur leis an eagraíocht ina hiomláine éirí páirteach go gníomhach i ngníomhaíochta bainistíochta riosca agus leanúnachais gnó i rith na bliana seo a bhí an-dúshlánach.

Níorbh é COVID-19 an t-aon riosca mór a bhí roimh an eagraíocht in 2020 óir tháinig deireadh le Tréimhse Aistrithe Brexit an 31 Nollaig. Bhí Foireann Brexit IBTS i ndiaidh dhá bhliain de phleanáil mhionchúiseach a stiúradh, a d’fhág go raibh príomhréimsí na heagraíochta in ann déileáil leis na hathruithe a bhí ann. Rinneadh obair mhór lenár slabhra soláthair a mheas agus leochaileachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Soláthraíodh stoc breise leis an tionchar a bheadh ag aon mhoilleanna a íoslaghdú. Rinneadh na príomhréimsí riosca, lena n-áirítear Cosaint Sonraí, Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Saincheisteanna Oibriúcháin, a bhainistiú agus a mhaolú, a d’fhág gur éirigh linn aistriú gan stró go 2021. Bhí Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta IBTS ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe ó Fhoras Fola na Ríochta Aontaithe lena chinntiú go raibh ár bpleananna teagmhasacha go fóill inmharthana. Tá Foireann Brexit fós ag déanamh monatóireacht ar an gcás de réir mar atá sé ag titim amach, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Cuireadh tús in 2020 le tionscadal lenár gcóras bunaithe um bainistíocht riosca a aistriú ó ghníomhaíocht atá bunaithe ar pháipéar go réiteach leictreonach. Cuirfear an córas nua i bhfeidhm le linn na bliana seo romhainn, agus beidh sé ina chuidiú le cultúr bainistíochta riosca – atá daingnithe cheana féin – a neadú a thuilleadh ar gach leibhéal in IBTS.


# Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht

Maidir leis na baill foirne a thug freagra ar shuirbhé maidir le Torthaí agus Rannpháirtíocht Taighde, bhí an mhórchuid acu páirteach sna pobail acadúla agus ghairmiúla in 2020 trí theagasc, taighde agus ballraíocht. Chuir IBTS le 13 fhoilseachán acadúla phiarmheasúnaithe anuraidh agus bhí an tseirbhís i dteagmháil go háitiúil agus go hidirnáisiúnta lena comhpháirtithe acadúla agus cliniciúla. Go náisiúnta, táimid inár rannpháirtithe tábhachtacha d'Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus an Leighis Saotharlainne agus don Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriúchán, a chuireann treoir chliniciúil ar fáil maidir le fuilaistriú agus riarachán táirgí.


Ina theannta sin, tá baill den fhoireann ina gcomhaltaí de réimse leathan cumann agus comhlachas a bhaineann le fuilaistriú agus trasphlandú, na cinn seo a leanas go suntasach: an Cumann Idirnáisiúnta um Fhuilaistriúchán (ISBT), British Society for Histocompatibility & Immunogenetics (BSHI), an Chomhghuaillíocht Eorpach Fola (EBA) agus an grúpa comhoibríoch Biomedical Excellence for Safer Transfusion (BEST). Cuireadh sonraí staidéir taighde ina ndearnadh cur síos ar phróifílí antaigine fuilcheall dearg deontóirí agus ar scagthástáil le haghaidh antasubstaint chroíleacán víreas Heipitíteas B deontóirí i láthair ag ISBT 2020. Tá IBTS fós ag cur leis an teagasc agus oiliúint tríú leibhéal sa bhithleighis, san eolaíocht agus sa leigheas, idir an leibhéal fochéime agus an leibhéal iarchéime araon.




## Sonraí Achomair ón Suirbhé faoi Aschur agus Rannpháirtíocht Taighde





## Freagróirí ar an Suirbhé faoi Aschur agus Rannpháirtíocht Taighde




## Achoimre ar Rannpháirtíocht le hInstitiúidí Tríú Leibhéal




## Ballraíocht Ghairmiúil



## Baill foirne ag freastal ar chomhdhálacha agus an t-ábhar



# Foilseacháin

1. Major obstetric haemorrhage: Incidence, management and quality of care in Irish maternity units.

   Greene RA, McKernan J, Manning E, Corcoran P, Byrne B, Cooley S, Daly D, Fallon A, Higgins M, Jones C, Kinsella I, Murphy C, Murphy J, Bhuinneain MN; An Grúpa Comhairleach um Ghalracht Mháthartha

   Eur J Obstet Gynecol Reprod Biol. 2021 Feabhra;257:114-120. doi: 10.1016/j.ejogrb.2020.12.021. Epub 2020 Nollaig 23.

2. Establishment of Transfusion-Relevant Bacteria Reference Strains for Red Blood Cells.

   Prax M, Spindler-Raffel E, McDonald CP, Bearne J, Satake M, Kozakai M, Rojo J, Hanschmann KO, Lambrecht B, Grundmann U, O'Flaherty N, Klimek A, Bekeredjian-Ding I, Gathof BS, Störmer M, Süßner S, Renke C, Lee CK, Knabbe C, Vollmer T, Keil SD, Shipps ME, Wagner SJ, Jentsch U, Mpumlwana X, Cloutier M, Bringmann P, Lu T, Ramirez-Arcos S, Kou Y, Krut O; Meitheal Oibre IBTS um Ghalair Thógálacha a Tharchuirtear trí Fhuilaistriú, Foghrúpa ar Bhaictéir.

   Vox Sang. 2020 Nollaig 20. doi: 10.1111/vox.13057. Ar líne roimh chló.

3. Residual red cells in blood components: A multisite study of fully automated enumeration using a hematology analyzer.

   Cavagnetto C, Alejo Blanco R, McKenna H, Willmott L, Aydogdu E, Akinyemi N, Standring H, Procter S, Lagerberg JW, Johansson E, Croxon H, de Korte D, Garner SF, Shirakami A, Saker J, Linssen J, Cardigan R.

   Transfusion. 2020 Samhain 17. doi: 10.1111/trf.16196. Ar líne roimh chló.

4. The genesis of paediatric haematology in the UK.

   Roberts I, Hann I.

   Br J Haematol. 2020 Samhain;191(4):593-603.doi: 10.1111/bjh.17163.

5. Expresser phenotype determines ABO(H) blood group antigen loading on platelets and von Willebrand factor.

   Ó Donghaile D, Jenkins PV, McGrath RT, Preston L, Field SP, Ward SE, O'Sullivan JM, O'Donnell JS.

   Sci Rep. 2020 Deireadh Fómhair 27;10(1):18366. doi: 10.1038/s41598-020-75462-2.

6. Donor oocyte-facilitated reproduction: Time to revisit the BSH antenatal guidelines?

   Quigley J, Sweetman D, Allen C, Higgins MF, Cantwell C, Doyle B, Downey P, Fitzgerald J.

   Transfus Med. 2020 Nollaig;30(6):525-526. doi: 10.1111/tme.12731. Epub 2020 Deireadh Fómhair 23.

7. Persistent Hepatitis E virus infection across England and Wales 2009-2017: Demography, virology and outcomes.

   Ankcorn M, Said B, Morgan D, Elsharkawy AM, Maggs J, Ryder S, Valliani T, Gordon F, Abeysekera K, Suri D, McPherson S, Galliford J, Smith B, Pelosi E, Bansal S, Bethune C, Sheridan D, Vine L, Tedder RS, Ijaz S; grúpa faireachais bhreisithe um HEV leanúnach.

   J Viral Hepat. 2021 Feabhra;28(2):420-430. doi: 10.1111/jvh.13424. Epub 2020 Samhain 2.

8. Partial compliance with symptom-based testing pathways reveals asymptomatic carriage of SARS-CoV-2 in Ireland.

   Chan GY, Rajan L, De Gascun C, O'Flaherty N.

   Ir J Med Sci. 2020 Meán Fómhair 28:1-5. doi: 10.1007/s11845-020-02375-4. Ar líne roimh chló.

9. Transfusion requirements in patients with COVID-19.

   Worrall AP, Kelly C, O'Neill A, Reidy N, O'Doherty M, Griffin L, Quinn J, Thornton P, Fitzpatrick F, Curley GF, Morgan R, Glavey S, McNally C, McConkey S, Murphy P, de Barra E, Lavin M.

   Eur J Haematol. 2021 Eanáir;106(1):132-134. doi: 10.1111/ejh.13521. Epub 2020 Deireadh Fómhair 9.

10. Changing trends in corneal transplantation: a national review of current practices in the Republic of Ireland.

    Iselin KC, Greenan E, Hynes C, Shaw S, Fulcher T, Power WJ, Quill B, Guerin M, Lee WH, Murphy CC.

    Ir J Med Sci. 2020 Meán Fómhair 4. doi: 10.1007/s11845-020-02340-1. Ar líne roimh chló.

11. Two novel antithetical KN blood group antigens may contribute to more than a quarter of all KN antisera in Europe.

    Grueger D, Zeretzke A, Habicht CP, Skaik Y, Wagner FF, Scharberg EA, Costelloe A, Martens J, Verboom M, Bugert P, Schneeweiss C.

    Transfusion. 2020 Meán Fómhair 1. doi: 10.1111/trf.16039. Ar líne roimh chló.

12. Anti-D immunization rates may exceed 50% in many clinically relevant settings, despite varying widely among patient cohorts.

    Flegel WA, Wagner FF, Ó Donghaile DP.

    Transfusion. 2020 Bealtaine;60(5):1109-1110. doi: 10.1111/trf.15788.

13. Trends in platelet distributions from 2008 to 2017: a survey of twelve national and regional blood collectors.

    Yazer MH, Shaz B, Seheult JN, Apelseth TO, de Korte D, Devin G, Devine D, Doncaster C, Field S, Flanagan P, Huet J, Mendrone A Jr, O'Brien C, Pink J, Rashleigh M, Shinar E, Takanashi M, Tian E, Tiberghien P, van den Berg K, Schmitt C.

    Vox Sang. 2020 Samhain;115(8):703-711. doi: 10.1111/vox.12917. Epub 2020 Aibreán 13.


# ACMHAINNÍ DAONNA



# Na príomhrudaí a baineadh amach

- Freagairt agus treorú go rathúil le linn COVID-19 agus cur ar a gcumas do chách a bheith ag obair go sábháilte
- An Straitéis Foghlama agus Forbartha a sholáthar
- 'Credit to the Crew'


## COVID-19




Tá IBTS i ndiaidh leanúint ar aghaidh ag obair go sábháilte i rith phaindéim COVID-19. Le linn an ama sin agus i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha IBTS, le grúpaí oibre inmheánacha COVID-19 agus lenár Soláthraithe Sláinte Ceirde, tá IBTS i ndiaidh bearta rialaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an baol ionfhabhtaithe ó COVID-19 a mhaolú i gcomhréir leis an treoraíocht atá ag síorathrú.

Inár bhfeidhm Acmhainní Daonna, díríodh ar a chinntiú gur tugadh tacaíocht do gach ball foirne IBTS agus gur cuireadh ar a chumas leanúint ar aghaidh ag obair go sábháilte i rith na paindéime, a d'fhág nach raibh aon tionchar diúltach ann ar an soláthar fola. Leis sin a bhaint amach, theastaigh lúfaireacht, obair chomhoibríoch mar fhoireann agus cur chuige comhpháirtíochta i dtaca leis an ngnó. Chuireamar cumarsáid, comhairle agus faisnéis ar fáil ar fud na heagraíochta agus rinneamar forbairt ar phrótacail agus treoraíocht lena chinntiú go raibh gach riachtanas COVID-19 á chur i bhfeidhm agus á mhonatóiriú.

Tháinig méadú 477% ar ghníomhaíocht na Sláinte Ceirde mar thoradh ar atreoruithe chun na Sláinte Ceirde a bhainistiú, chomh maith le bainistiú cásanna agus rianú teagmhálaithe. Bhí easpa acmhainní ann dá bharr. Mar sin féin, rinneadh an cás sin a bhainistiú go han-éifeachtach agus ní raibh aon tionchar diúltach suntasach ar sholáthar ár seirbhíse dá bharr.



Mar fhreagairt ar na dúshláin foghlama a bhain le COVID-19, bhíomar ag obair le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha le haistriú ó chur i láthair traidisiúnta na hoiliúna sa seomra ranga go tairiscintí digiteacha agus cumaiscthe foghlama agus forbartha a fhorbairt. Rinneadh 19 gclár foghlama saincheaptha san iomlán a dhearadh agus a chur i láthair le freastal ar riachtanais éigeantacha agus ar scileanna riachtanacha gnó.

I Ráithe 4 in 2020, sheolamar an leabhrán '*IBTS Response to the COVID-19 Pandemic*'. Tá an leabhrán eolais ar fáil i bhformáidí leictreonacha agus cruachóipe, agus tá polasaí, nósanna imeachta agus bearta rialaithe gaolmhara IBTS atá curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht le fáil ann, agus tacaíonn sé le Prótacal an Rialtais le bheith ag Obair go Sábháilte chun an baol ionfhabhtaithe san ionad oibre a íoslaghdú.

## Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta

### An Feachtas 'Infheictheacht na Sábháilteachta'

Tugadh isteach an feachtas 'Infheictheacht na Sábháilteachta' go héifeachtach ar fud na heagraíochta agus cuireadh i bhfeidhm ar deireadh é do na foirne soghluaiste go léir i Meitheamh 2020. Chuir meascán de rannpháirtíocht na foirne agus den tuairisciú feabhsaithe ar an gCeapadh Maith/Breathnóireacht Sábháilteachta i measc foirne le laghdú 26% ar thimpistí ó seoladh an feachtas i Ráithe 1 2019, go háirithe i réimsí amhail sleamhnuithe, tuislí agus titimí.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, forbraíodh agus tugadh isteach Bileoga Seiceála don Rialú Sláinteachais chun tacú leis na Cártaí don Cheapadh Maith/Breathnóireacht Sábháilteachta. Mar gheall ar an tionscnamh sin, ar thug Grúpa Comhordaithe COVID-19 agus Ceannairí Foirne ar chlinicí IBTS tacaíocht ina leith, d'éirigh le IBTS monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na riachtanas sláinte poiblí agus na mbeart sláinteachais ó thaobh COVID-19 de. Maidir leis an bhfaisnéis a bailíodh sna Bileoga Seiceála don Rialú Sláinteachais, cuidiú a bhí inti freisin ionas go rabhthas in ann cumarsáid leis an bhfoireann faoi COVID-19 a spriocdhíriú ar chomhlíonadh agus feasacht a choinneáil ar bun go réamhghníomhach sa réimse sin ar fud na heagraíochta.

## Oibriúcháin Acmhainní Daonna

### Eochairtháscairí Feidhmíochta

Agus í ag tacú leis an mBainistiú Tallainne in IBTS, cuireann Foireann Oibriúcháin Acmhainní Daonna IBTS réimse clár agus seirbhísí ar fáil, chomh maith le comhairle agus treoir cháilithe shaineolach ar an iliomad cásanna a bhaineann le fostaíocht foirne. Cuireann an fhoireann tacaíocht ar fáil ar fud na heagraíochta d'fhostaithe agus do bhainisteoirí i rith shaolré na fostaíochta. Cuirtear tús leis an tacaíocht sin sa phleanáil straitéiseach don fhórsa saothair agus sa phróiseas earcaíochta agus leantar leis an tacaíocht i rith na fostaíochta agus ar aghaidh nuair a imíonn an fostaí ar scor. Faoi dheireadh 2020, bhí 585 fhostaí ag IBTS (524 choibhéis lánaimseartha) agus 215 bhall foirne ar scor agus pinsean á fháil acu.

Tá sé tábhachtach na daoine is cumasaí a mhealladh, a earcú agus a choinneáil lenár seirbhís a choimeád agus chun féachaint chuige go seasfaidh sí imeacht na haimsire agus, san am céanna, forbairt IBTS a chur chun cinn. D'fhág 75 dhuine in 2020, ar laghdú 8.53% é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus a léirigh ráta athraithe foirne 10.5%. Fógraíodh 130 feachtas earcaíochta agus earcaíodh 98 bhfostaí nua dá bharr. Méadú chóir a bheith 9.25% ar an ngníomhaíocht earcaíochta ar an mbliain roimhe a bhí ann le linn tréimhse nuair a bhíothas ag dul i ngleic le castachtaí na paindéime domhanda. Glacadh 9.5 seachtain le duine a earcú ar an meán i gcomparáid le sprioc chaighdeánach 12 sheachtain.

## Lámhleabhair agus Ciorcláin maidir le Polasaí agus Nósanna Imeachta na nAcmhainní Daonna

Tá lámhleabhar ann maidir le Polasaí agus Nósanna Imeachta na nAcmhainní Daonna, atá mar thacú chun comhlíonadh a choimeád agus chun seirbhísí thar barr Acmhainní Daonna a chur ar fáil. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an lámhleabhar, rinneadh leagan níos nua-aimseartha de agus athsheoladh é. Bhí an cháipéisíocht agus faisnéis ráthaithe AD sin go hiomlán comhlíontach i dtaca leis an reachtaíocht fostaíochta, le treoir FSS agus le treoir na hearnála poiblí. Úsáideadh rialú doiciméad ina leith agus dearadh iad le bheith inoiriúnaithe le haghaidh meascán d'ardáin agus cainéil ar líne. Foilsíodh ní ba mhó ciorcláin ábhartha ná riamh leis an Roinn Sláinte, FSS agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena léirmhíniú i bpolasaí agus nósanna imeachta IBTS, go háirithe maidir le COVID-19 a bhainistiú. Bhí 57 meabhrán maidir le Caidreamh Corparáideach Fostaithe le léirmhíniú fosta.

## Foghlaim agus Forbairt Eagraíochta

Bhí 2020 ar an mbliain dheireanach de chur i bhfeidhm an chéad straitéis IBTS a bhí go hiomlán dírithe ar an bhFoghlaim agus Forbairt, 'Obair, Foghlaim & Fás le chéile' 2017 – 2020 agus cuireadh i gcrích tromlach na gcuspóirí straitéiseacha, in ainneoin thionchar COVID-19. Mar gheall ar an obair a cuireadh i gcrích fad a mhair an straitéis, bhí IBTS ar an ngearrliosta le haghaidh trí ghradam in 2020. Bhain ceann amháin de na gradaim sin le hInstitiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (IITD) don **Eagraíocht Mhór is Fearr don Fhoghlaim agus don Fhorbairt** agus bhain an dá cheann eile le Gradaim na nAcmhainní Daonna don Cheannasaíocht agus don Bhainistíocht don **Tionscnamh Acmhainní Daonna is fearr san Earnáil Phoiblí** agus an **Straitéis Foghlama agus Forbartha is Fearr.**

Lean an Roinn Foghlama agus Forbartha ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Dr Nuala Ryan ó Ollscoil Luimnigh chun inniúlachtaí bainistíochta agus ceannasaíochta a fhorbairt mar chuid de chur ar fáil chlár iLEAD. Cuireadh iLEAD ar fáil ar fhormáid chumaisc. D'éirigh go han-mhaith leis an ngrúpa píolótach agus fuarthas aiseolas iontach uathu. Mar sin, tháinig méadú ar an ráchairt ar iarratais don leathadh amach.




Chruthaigh Foghlaim agus Forbairt tuilleadh comhpháirtíochtaí acadúla chomh maith le hobair a choimisiúnú in Ionad Taighde na nAcmhainní Daonna i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, mar chuidiú chun creat bainistíochta tallainne a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhianaise. Is é is cuspóir don obair sin tuiscint a fháil ar na dearcthaí atá ann i leith na tallainne in IBTS agus ar na nithe a imríonn tionchar ar cad é mar a dhéantar an tallann a bhainistiú le creat bainistíochta tallainne iomlánaíoch a fhorbairt ina gcuimseofar gairmré an fhostaí, ina gcuirfear le cumas daoine agus lena ndéanfar acmhainn an fhostaí a uasmhéadú le go n-éireoidh níos fearr le feidhmíocht na heagraíochta.

Rinneadh athbhreithniú ar Fhorbairt na Feidhmíochta agus, dá bharr sin, thángthas ar chomhaontú aistriú chuig timthriall ainmnithe amháin d'Fhorbairt na Feidhmíochta. Leis na mionathruithe, fágfar go mbeifear in ann spriocanna forbartha pearsanta an duine aonair a chur in oiriúint go mbeidh siad ag teacht le pleananna agus gníomhaíochtaí oibre. Leanadh ar aghaidh fosta leis an obair le conairí foghlama a fhorbairt do gach ról agus cuireadh an obair sin go hiomlán i gcrích.

Cuireadh obair i gcrích chomh maith chun teacht ar Chóras Bainistíochta Foghlama (LMS) a bheadh fóirsteanach le haghaidh IBTS. Mar thoradh ar obair a rinneadh i gcomhar le comhghleacaithe foghlama agus forbartha FSS (HSELanD), tá IBTS ina ghlacóir don Bhainistíocht Ríomhfhoghlama Sláinte (HeLM) le HSELanD. Rogha spriocdhírithe de chuid HSELanD atá in HeLM lena dtugtar a leagan saincheaptha féin de LMS HSELanD d'eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta, amhail IBTS, chun tacú go díreach leis an bhfoghlaim, leis an gcomhlíonadh agus leis an tuairisciú. Má bhaintear leas as an rogha sin, beidh deiseanna ann dul i gcomhpháirtíocht agus comhoibriú a dhéanamh leis an tseirbhís sláinte i gcoitinne nó le hospidéil chun an fhoghlaim a bhaineann leis an bhfuilaistriú a fhorbairt agus a chomhroinnt.





# TFC

## Cianrochtain

Sa chéad chéim den phaindéim, bhí dúshláin ann chun freastal ar na héilimh le cur ar a gcumas do dhaoine a bheith ag obair ón mbaile; Shocraigh an fhoireann TF cianrochtain faoi choinne corradh le 300 ball foirne ar na feidhmchláir a bhí de dhíth orthu trí Gheata Glacadóra Citrix. Níor ghá aon cheann de na rialuithe rochtana chuig na feidhmchláir riachtanacha a athrú mar go bhfuarthas an rochtain ó líonra inmheánach IBTS nuair a bhíothas logáilte isteach go cianda. B'éigean don fhoireann TF líon na gceadúnas a mhéadú d'úsáideoirí Citrix agus do na ceadchomharthaí cianda a úsáidtear mar pháirt den údarú don chianrochtain chomh maith. Ar an ábhar gur measadh go mbeifí ag obair ón mbaile thar thréimhse fhada, chuir IBTS leis an gcianrochtain le ceistneoir Sláinte agus Sábháilteachta lena chinntiú go raibh na baill foirne ag obair go heirgeanamaíoch.

B'éigean do sheirbhísí TF ríomhairí glúine agus fóin phóca a cheannach, a shuiteáil agus a sholáthar d'úsáideoirí éagsúla nach raibh rochtain acu ón mbaile; d'iarr na húsáideoirí ríomhaire glúine agus rinneadh é sin a fhaomhadh agus ceannaíodh iad de réir chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Suiteáladh na ríomhairí glúine nua don chianrochtain amháin agus bhí sonraí logála isteach orthu a bhí difriúil ón ríomhaire glúine ón ndéanfadh an t-úsáideoir é féin a údarú go normálta ansin lena cheadchomhartha agus pasfhocal líonra.

### An réiteach a shainaithint agus a chumrú chun cur ar a gcumas do Sheirbhísí Deontóirí coinní Deontóra a dhéanamh

De réir mar a tháinig fás ar a fhad a mhair an phaindéim, ba léir gur ghá do IBTS a mhúnlú a athrú, is é sin ó chlinicí bailithe fola a raibh daoine ábalta siúl isteach iontu go clinicí bunaithe ar choinní. Leis sin a éascú, d'aithin an fhoireann TF réiteach a chuir ar ár gcumas an uimhir 1850 le haghaidh faisnéis deontóirí atá againn a atreorú chuig roinnt fóin phóca. Cuireann Vodafone an tseirbhís ar fáil saor in aisce agus cuireadh ar a gcumas do Sheirbhísí Deontóirí na coinní riachtanacha a dhéanamh.

### Soláthraí Seirbhísí Bainistithe a roghnú agus tús a chur leis an ionduchtú

Tá síorfhás ar an ngá chun freastal ar na héilimh ar sheirbhísí TF. Mar sin, thángthas ar chomhaontú tairiscintí a lorg le haghaidh soláthraí seirbhísí bainistithe chun tacaíocht TF a thabhairt. Reáchtáladh próiseas tairisceana, sainaithníodh soláthraí rathúil agus faoi dheireadh na bliana bhí an tionscadal ag cur tús leis an aistriú chuig na seirbhísí atá de dhíth faoi lár 2021. Tá an ghné seo thar a bheith tábhachtach don IBTS ó thaobh soláthar TF agus cuidiú a bheidh ann chun na moilleanna atá ann faoi láthair a laghdú sa tacaíocht feidhmiúcháin lá go lá agus i soláthar tionscadal TF araon.

## Feasacht Slándála TF

Sheol an fhoireann TF sraith físeán gearr maidir le slándáil TF. Baineadh feidhm as Meiteachomhlíonadh chun gach úsáideoir a chur ar an eolas faoi na rioscaí slándála TF a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonn laethúil. D'eascair an tsraith sin as feachtas fioscaireachta a reáchtáladh agus a rialaíodh go hinmheánach inar aithníodh cúpla sárú slándála nuair a chuir úsáideoirí isteach eolas pearsanta mar fhreagra ar ríomhphost bréige. Tugadh faoi bheart slándála fisiciúla in NBC agus in Ionad Chorcaí freisin inar leagadh béim ar rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann. Eisíodh tuarascáil mhionsonraithe ina dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna ar fad.

# CLÁR OIBRE GLAS

Osclaíodh an t-ionad réigiúnach nua i dTuaim go luath in 2020. Ar chéim luath den dearadh, chinn IBTS go n-úsáidfí teicneolaíocht teaschaidéil le haghaidh rialú teochta atá mar réiteach glas agus a sheachnaíonn úsáid breoslaí iontaise san fhoirgneamh.

Athraíodh an chéad phríomhchóras cuisnithe as ceithre cinn go cuisneán a bhfuil poitéinseal níos ísle i gceist leis ó thaobh téamh domhanda de. Tá na córais atá fágtha le hathrú in am agus i dtráth.

Bhain IBTS coigilt fuinnimh 41% amach i gcomparáid le bonnbhliain 2008, a sháraigh sprioc 33% na hearnála poiblí don choigilt fuinnimh. Leis sin a bhaint amach, rinneadh an bealach a ndearnadh na foirgnimh a fheidhmiú a bharrfheabhsú, agus cuireadh trealamh ar fhuinneamh ní b'ísle in áit cuid den trealamh nuair a bhí an seal tugtha aige. Freagracht thábhachtach de chuid na foirne Saoráidí atá sa Bhainistíocht Fuinnimh. Níor foilsíodh fós sprioc 2030 a bheidh le baint amach ag an Earnáil Phoiblí ach meastar go mbeidh sé níos dúshlánaí agus go mbeidh orainn athruithe bunúsacha a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag feidhmiú inár bhfoirgnimh. Tá foireann don Fhuinneamh Glas á cur ar bun faoi láthair le staidéar a dhéanamh ar dheiseanna amach anseo. Tá ionadaíocht ó Shaoráidí agus ó na saotharlanna ar an bhfoireann.

Tá IBTS ag féachaint chuige an mbeifear in ann pointí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a shuiteáil sa dóigh is go mbeidh faill ag baill foirne, cuairteoirí agus deontóirí a bhfeithiclí leictreacha a luchtú agus iad san Ionad Náisiúnta Fola. Lena chois sin, chuireamar tús le feithiclí leictreacha tráchtála atá ar fáil faoi láthair a mheas le fáil amach an mbeidís sin fóirsteanach don fhlít veaineanna atá ag IBTS.



# AIRGEADAS

**Cuntais Achoimre don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 64,760 | 67,450 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 2,138 | 1,613 |
| Ioncam iomlán | 66,898 | 69,063 |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas iomlán | 70,304 | 67,520 |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (3,406) | 1,543 |
| Méadú / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | (15,632) | (6,878) |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (2) | (2,009) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (443) | (481) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (63,974) | (56,149) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (83,457) | (63,974) |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €66.9 milliún (2019 €69.1 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2020 de réir ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam a fuarthas ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil de €64.76 milliún (2019 €67.45 milliún). Cuimsítear in ioncam neamh-athfhillteach de €2.1 milliún (2019 €1.6 milliún) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil HEV agus maoiniú iarchurtha do scéim aonair pinsin na seirbhíse poiblí. Leis an laghdú ar ioncam athfhillteach, léirítear na méideanna laghdaithe in 2020 mar gheall ar thionchar COVID-19. Bhí laghdú ar an éileamh ó ospidéil, maidir leis an éileamh ar Fhuilchealla Dearga go háirithe.

## Caiteachas

Ba é €70.3 milliún an caiteachas in 2020 (2019 €67.5 milliún).

Tá an méadú ar an gcaiteachas mar gheall ar mhéadú ar chostais foirne, ardú ar chostais an fhostóra don phinsean san áireamh, mar aon

le hardú ar líon na mball foirne de bharr COVID-19. Baineadh amach cothromaíocht idir costais bhreise as trealamh cosanta pearsanta agus costais iompair agus an t-airgead a sábháladh i gcás costais taistil agus oiliúna.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

# Cúlchistí

Tá Cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid an chiste ag deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020 ná €10.60 milliún.

Ba é iarmhéid na gcistí taighde ar an 31 Nollaig 2020 ná €2.7 milliún. (2019 €2.3 milliún).

# Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.2 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh le linn 2020 (€3.1 milliún in 2019).

Na hinfheistíochtaí caipitil a rinneadh go príomha le linn na bliana ná trealamh nua agus athsholáthair inár saotharlanna tástála agus próiseála agus uasghráduithe éagsúla TF, ár mbonneagar stórála sonraí san áireamh.

# Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íoc Pras ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an creidmheas caighdeánach a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2020, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €346,631 déanach, ar feadh 17.37 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc sin agus 1.49% de líon agus 1.01% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €10,210.

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonrasc agus leis an bpróiseas faofa agus íocaíochta.

# Sonraí Teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
r:contactus@ibts.ie
D08 NH5R

**www.giveblood.ie**
Líne eolais do Dheontóirí
1850 731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

## Ionad Chorcaí

Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021 4807400
T12 Y319

## Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 4745000
DO2 TK51

## Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808
A94 NX47

## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041 6859994
A92 HCP4

## Ionad Cheatharlach

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059 9132125
R93 AC82

## Ionad Thuama

Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá
Bóthar Weir
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832
H54 P229

## Ionad Luimnigh

Teach Carrig
Ascaill Chloch an Chéitinnigh
Lárionad Gnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306980
V94 AH97

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.
D08 NH5R

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne eolais do Dheontóirí 1850 731 137

Uimhir Charthanachta Cláraithe: RCN 20006280